Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil

2017



# Clár na nÁbhar

**Réamhrá** **3**

**Tuarascáil an Chathaoirligh** **6**

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh** **17**

**Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch** **20**

**Oibríochtaí** **21**

Seirbhísí do Dheontóirí 22

Staidreamh Deontóirí 26

Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil 28

**Tástáil** **33**

TAN 34

An tSaotharlann Víreolaíochta 36

SNTHI 38

Saotharlann RCI 39

Diagnóisic/Trasmheaitseáil Chorcaí 42

Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí 44

**Seirbhísí Eile** **46**

Seirbhísí Fíocháin 47

Aifiréis Theiripeach 48

ONH 51


CSNÉ 53

**Cáilíocht agus Cloí** **55**

**Acmhainní Daonna** **57**

**Airgeadas** **60**

**Sonraí teagmhála** **62**



**“Ba leor an soláthar fola i rith 2017. Tharla sé seo de bharr obair chrua ár bhfoireann, ár n-eagraithe deonacha, agus ár ndeontóirí atá flaithiúil i gcónaí."**

# Réamhrá

Ní fearacht cuid mhaith forais eile san earnáil phoiblí, tá croí-thasc amháin ag SFÉ, atá léirithe inár bhfís 'Déanann ár seirbhís seachadadh ar sheirbhísí fhuilaistriúcháin, agus seirbhísí fíocháin daonna atá sábháilte, slán agus iontaofa, do mhuintir na hÉireann'. Is é misean na heagraíochta ná seachadadh a dhéanamh ar seo, ach caithfimid seachadadh a dhéanamh, agus san am céanna barrfeabhais a bhaint amach le freastal ar riachtanais othar. Is iad na príomhacmhainní atá againn chun é sin a dhéanamh ná gairmiúlacht ár bhfoireann agus flaithiúlacht ár ndeontóirí.

Braitheann sé sin ar chóiréagrafaíocht shlabhra soláthair ag teacht óna gcuid deontóirí, atá ina gcónaí i ngach paróiste in Éirinn; Ár n-eagraithe deontacha áitiúla, a dhéanann fógraíocht ar ár gclinicí agus a thugann ár ndeontóirí agus ár bhfoirne bailiúchán, a oibríonn i hallaí paróiste, in óstáin, in áiseanna spórt, agus in oifigí ar fud na tíre le chéile, ár bhfoirne próiseála, tástála, agus seolta i mBaile Átha Cliath, a ghlacann le gach deonú, a dhéanann tástáil air chun a shábháilteacht don othar a chinntiú, agus an t-aonad ceart a sheachadadh chuig an áit cheart, na mílte uair gach seachtain; banc fola ospidéil agus foirne altraí, a sheachadann an fhuil, agus a thugann dóibh siúd é a bhfuil gá acu leis; ár bhfoirne cáilíochta, sábháilteachta agus haemafhaireachais, a dhéanann monatóireacht ar an bpróiseas 'ó fhéith go féith', agus a shainaithníonn fadhbanna; ár bhfoireann leighis; a chuireann comhairle ar chomhghleacaithe, a dhéanann monatóireacht ar shábháilteacht, a dhéanann cinntí ar dheonuithe, agus a thugann ceannasaíocht i gcleachtas aistriúcháin na hÉireann; ár seirbhísí deontóra agus margaíochta, a bhainistíonn ár ndeontóirí, agus a earcaíonn deontóirí nua; agus ár bhfoirne riaracháin agus bainistíochta, a choinníonn sócmhainneach muid agus ag rith agus oscailte. Tá sé níos éasca cur síos ar seo, ná é a dhéanamh.

Bhí ár soláthar fola níos seasmhaí in 2017 ná in 2016. Ní raibh aon chall glao speisialta a dhéanamh do dheontóirí. Ba leor an soláthar fola i rith 2017 . Tharla sé seo de bharr obair chrua ár bhfoireann, ár n-eagraithe deonacha, agus ár ndeontóirí atá flaithiúil i gcónaí." . Creidim go léiríonn sé freisin rath ár straitéis margaíochta nua, a bhfuil sé beartaithe leis níos mó daoine óga a spreagadh le bheith ina ndeontóirí, agus ár bpróifíl ar na meáin shóisialta a ardú. Chuir an Stoirm Ophelia isteach go mór orainn, agus chuireamar ár bplean éigeandála inmheánaigh i ngníomh. Bhí orainn a bheith aireach ar shábháilteacht ár bhfoireann, agus ár ndeontóirí. Ní raibh éifeacht shuntasach aige ar ár n-oibríochtaí, a bhuíochas do phleanáil mhaith agus do stoic ard fola.

Tar éis roinnt blianta d'obair chrua, agus athdhearadh mór ar ár gcórais féin, tá ár gclár leathnaithe againn chun gnáthféithligean teiripeach a thairiscint do dhaoine a bhfuil haemacrómatóis sheasmhach orthu, agus chun daoine a bhfuil an bhail ghéiniteach sin orthu a earcú dár stór deontóra. Leanann an Dr. Stephen Field, ár Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta leis seo a bheith mar phríomhthogra aige, agus tá sé mar aidhm againn é a chur ar fáil ar fud na tíre le linn 2018.

Tá SFÉ ag ullmhú don todhchaí freisin. Táimid ag gluaiseacht go seasmhach le ról níos mó a bheith againn i dteiripe gascheall. Tá ár scéim aistrithe

# Réamhrá

cheall liombach, a ritear i gcomhar le hOspidéal na Súl agus na gCluas, bunaithe go maith anois, agus táimid ag súil le hobair a leathnú sa réimse seo thar an cúpla bliain seo amach romhainn. Táimid ag baint níos mó agus níos mó úsáide as an trealamh géinitíopála is nua-aimseartha, chun seirbhís nua a thairiscint d'ospidéil máithreachais. Táimid ag spreagadh na nÉireannach nua, agus ag obair le pobail imirceach a tháinig le gairid le go mbeidís ina ndeontóirí fola, ar bhealach le go mbeimid in ann freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais fuilghrúpa ar leith na bpobal sin. Tá tús curtha againn le hathbhreithniú níos leithne agus níos córasaí ar ár rialacha maidir le hiarchur, ag leanúint ón athbhreithniú a rinneamar ar rialacha iarchur fhir a mbíonn caidreamh gnéis acu le fir eile, chun a chinntiú go mbeidh siad fós in oiriúint, agus bunaithe ar mheasúnuithe riosca fhoirmiúla atá cothrom le dáta.

Thugamar aghaidh ar theagmhas a bhí an-dúshlánach in 2017. Cuireadh in iúl dúinn gur tholg deontóir Heipitíteas B tamall tar éis fuil a dheonú. Ar an drochuair, fuair othar amháin ionfhabhtú de Heipitíteas B de thoradh deonaithe. Cuireadh na cliniceoirí a bhí ag cur cóir ar an othar ar an eolas chomh luath is a cuireadh in iúl dúinn faoi seo agus cuireadh an t-othar ar an eolas agus cuireadh tús le cóir leighis a bhí oiriúnach. Chuireamar ár rialtóir ar an eolas freisin. Thaispeáin fiosrú leathan, atá foilsithe anois in Vox Sanguins gur ionfhabhtú 'thréimhse fuinneoige' a bhí sa scaipeadh seo. Cé go mbaineann muid úsáid as na tástálacha is fearr atá ar fáil d'ionfhabhtuithe víreasacha, tá achar gearr ann ón ionfhabhtú go dtí an pointe ag a bhfuil dóthain víris i bhfuil an deontóra, le gur féidir lenár dtástáil é a bhrath. Tógadh an deonú seo le linn an ama sin, i bhfad sular fhorbair an deontóir aon siomtóm. Bhí sé de phribhléid agam a bheith mar chathaoirleach ar Bhord SFÉ le linn na sé bliana seo thart. Éireoidh mé as oifig in Iúil 2018. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le triúr a bhí ina nAirí Sláinte i ndiaidh a chéile, James Reilly, Leo Vardakar, agus Simon Harris, faoi go raibh iontaoibh acu ionam, agus le Mary Jackson agus Michael Conroy, ár n-idirghbhálaithe leis an státseirbhís a thacaigh linn freisin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár ndeontóirí agus dár n-oibrithe deonacha freisin, mar nach mbeadh muid ann dá n-uireasa, dár bhfoireann dhúthrachtach a oibríonn go crua, agus a d'oibrigh trí laethanta maithe agus droch-laethanta, chun a chinntiú go mbeadh soláthar sábháilte agus slán ag Éirinn; dár bhfoireann ardbhainistíochta, agus go háirithe dár POF Andy Kelly, a thug an oiread sin eolais dom; agus do mo chomhghleacaithe ar fad ar an mBord thar na sé bliana seo caite, ar thug mé aghaidh ar dhúshláin go leor in éineacht leo, agus an t-áthas a bhaineann le fuilaistriúchán na hÉireann. Ba mhór an onóir a bheith i gceannas na heagraíochta iontach seo.

**An tOll. Anthony Staines**
Cathaoirleach



# Tuarascáil an Chathaoirligh

**Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialú inmheánach airgeadais comhlacht stáit sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, i gcomhréir le hAguisín 2 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.**

1. Admhaímse, mar Chathaoirleach, go bhfuil an Bord freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais atá ag an gComhlacht.
2. Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag SFÉ ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach bhfuil earráid, míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.
3. Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha do SFÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí a fhaightear ón bPríomhfheidhmeannach.

   i. Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a aithint agus a mheasúnú, agus as rialú oiriúnach a cheapadh agus a oibriú. Déantar measúnú ar na rioscaí seo go leanúnach agus seans go mbíonn baint acu le réimse foinsí inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear cliseadh ar rialú, cur isteach ar chórais faisnéise, tubaiste nádúrtha agus riachtanais rialaitheacha.

   ii. Buaileann lucht bainistíochta le chéile dhá uair sa mhí chun ceisteanna oibriúcháin agus rioscaí agus an chaoi a mbainistítear iad a phlé. Is é an ról atá ag an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar son an Bhoird ar na príomhrioscaí a bhaineann le gnóthaí SFÉ agus ar an gcóras gníomhartha a bhfuil gá leis chun na rioscaí sin a bhainistiú, agus a dtorthaí ar cheisteanna suntasacha a chur faoi bhráid an Bhoird tríd an bPríomhfheidhmeannach.

   iii. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord ar son an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair SFÉ, agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí sa chóras ar gá feabhas a chur orthu, déanann an Bord breithniú ar na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin.

   iv. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais eolas ar fáil go míosúil don Choiste Airgeadais, ar fochoiste den Bhord é, eolas a chuimsíonn príomhtháscairí feidhmíochta.

   v. Tá creat cuí rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil gnéithe atá sainmhínithe go soiléir agus iad forchoimeádta d'fhaomhadh an Bhoird amháin nó, de réir mar a bhíonn tarmligthe ag an mBord le haghaidh faomhadh cuí Feidhmeannais. Tá bainistíocht SFÉ ó lá go lá tarmligthe ag an mBord, agus tá teorainneacha cuí bunaithe acu le haghaidh údarú caiteachais don Fheidhmeannas. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialú inmheánach a chur i bhfeidhm, rialú inmheánach airgeadais san áireamh.

vi. Déantar monatóireacht go ginearálta ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais trí na próisis a bhfuil cur síos orthu thuas. Anuas air sin, déanann Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Cloí an Bhoird athbhreithniú ar réimsí ar leith den rialú inmheánach mar chuid dá dtéarmaí tagartha.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Cloí an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Cloí, ar fochoiste den Bhord é athbhreithniú foirmiúil ar na córais seo maidir le 2017 ag cruinniú dá chuid a tharla ar 24 Eanáir 2018.

# Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta cloí leis na forálacha bainteacha den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, rud a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.

Tá cód iompraíochta gnó don Bhord agus cód iompraíochta d'fhostaithe tar éis a bheith curtha i bhfeidhm. Rinneadh athbhreithniú orthu in 2017. Rinne an Bord athbhreithniú ar théarmaí tagartha a chuid fochoistí ar fad in 2017.

Tá an Bord tar éis glacadh le polasaí mionsonraithe taistil agus cothaithe a chloíonn le gach réimse de pholasaí taistil an Rialtais.

Rinne Bord SFÉ athbhreithniú ar thuairiscí ar rialúcháin inmheánacha i rith na bliana, in éineacht le hathbhreithniú rialta ar thuairiscí an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (URTS) ar rialúcháin oibriúcháin agus chloí agus bainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú na dtuairiscí seo agus d'obair go dlúth leis an ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Chloígh SFÉ le nósanna imeachta diúscartha sócmhainní, mar atá imlínithe sa 'Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.' Cloíonn SFÉ leis na hoibleagáidí bainteacha go léir mar atá sainmhínithe faoi dhlí cánachais na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann faoi Ordú Bhord Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunaíocht), S.I.78/1965. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt a ceathair den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá freagracht air as rialachas maith a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a thógáil ar na príomhcheisteanna gnó ar fad. Is ar an bPríomhfheidhmeannach (POF) agus ar an fhoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht maidir le gnáth bhainistíocht, riaradh agus treoir Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ó lá go lá. Caithfidh an POF agus an Fhoireann Bhainistíochta Fheidhmiúcháin an treoir straitéiseach leathan atá socruithe ag an mBord a leanúint agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon riosca suntasach ar dócha a bheith ann. Bíonn an POF mar idirghabhálaí

# Tuarascáil an Chathaoirligh

díreach idir an Bord agus bainistíocht Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Rinne an Bord athbhreithniú in 2017 ar a shocruithe rialachais agus cloí i gcomparáid leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016, agus rinne sé na socruithe sin a leasú dá réir.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach in Ordú Bhord Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunaíocht), S.I.78/1965. Tá ábhair atá forchoimeádta go háirithe do chinneadh an Bhoird le fáil i lámhleabhar an Bhoird. Ar na míreanna seasta a mheasann an Bord tá:

- dearbhú leasa,
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh
- tuairiscí agus miontuairiscí ó fhochoistí an Bhoird
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- ábhair forchoimeádta.

Alt 20 den S.I. Éilíonn 78/1965 ar Bhord Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann gach cuntas ceart agus gnáthchuntas a choinneáil ar airgead a fuair sé agus a chaith sé, i bhfoirm a bheadh faofa ag an Aire Sláinte le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Éilítear ar Bhord Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais sin:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh sé ag obair, agus
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtaíodh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, a nochtann a staid airgeadais, le cruinneas réasúnach ag aon am, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 20 de S.I 78/1965.

Tá an Bord freagracha as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Glacadh leis an measúnú ar fheidhmíocht Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann trí thagairt don phlean bliantúil ag cruinniú an Bhoird ar an 13 Feabhra 2017 agus i gcoinne an bhuiséid ar an 12 Meitheamh 2017. Cloíonn an Bord chomh maith le treoirlínte ar íocaíocht táillí stiúrthóra. Ba é tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2017 ná €151,615.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus mar sin le céimeanna réasúnacha a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann dearcadh

fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ar an 31 Nollaig 2017.

## Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus aon duine dhéag de ghnáthchomhaltaí ar an mBord, agus tá siad ar fad ceaptha ag an Aire Sláinte. Tá comhaltaí an Bhoird ceaptha do thréimhse trí bliana agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh siad le chéile sé huaire sa bhliain agus mar a bhíonn gá leis. Tugann an tábla thíos mionsonrú ar thréimhse ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| An tOll. Anthony Staines, Cathaoirleach | Cathaoirleach | 1 Meitheamh 2012 |
| An tUas. B. O'Mahony | Gnáthchomhalta | 11 Meitheamh 2012 |
| An tUas. L Hickey | Gnáthchomhalta | 14 Feabhra 2013 |
| An Dr. J Heslin | Gnáthchomhalta | 21 Bealtaine 2014<br>Chuaigh a théarma in éag an 31 Bealtaine 2017 |
| An Dr. E Kenny | Gnáthchomhalta | 21 Bealtaine 2014 |
| An tUas. K Williams | Gnáthchomhalta | 21 Bealtaine 2014 |
| An Dr. J Georgsen | Gnáthchomhalta | 1 Meitheamh 2014<br>Chuaigh a théarma in éag an 31 Bealtaine 2017 |
| An Dr R Desmond | Gnáthchomhalta | 20 Iúil 2015 |
| D Cullivan | Gnáthchomhalta | 20 Iúil 2015 |
| An Dr Y Traynor | Gnáthchomhalta | 20 Iúil 2015 |
| An tUas. J Malone | Gnáthchomhalta | 20 Iúil 2015 |
| An tUas S Mills | Gnáthchomhalta | 20 Iúil 2015 |
| An Dr S Pastila | Gnáthchomhalta | 7 Meitheamh 2017 |

# Tuarascáil an Chathaoirligh

Tá ceithre choiste bunaithe ag an mBord mar a leanas:

1. An Coiste Comhairleach Leighis: a chuimsíonn gach ceapaí leighis ar an mBord agus foireann comhairliúcháin SFÉ agus a thugann comhairle don Bhord ar ábhair a bhaineann le leigheas ar nós faireachas víris, ionfhabhtuithe atá ag teacht chun cinn agus polasaithe cosctha. Déanann an Dr. Elizabeth Kenny cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach Leighis agus tháinig sé le chéile deich n-uaire in 2017.

2. An Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí: a chuimsíonn triúr comhalta Boird agus beirt chomhalta neamhspleách. Is é an ról atá ag an gCoiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí (ARCC) ná tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí ar cheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus ráthaíocht a bhaineann leis. Tá an ARCC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh ar a n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARCC don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

   Is iad comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí ná: An Dr Yvonne Traynor (Cathaoirleach) an tUas John Malone agus an tUas Simon Mills. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí in 2017.

3. An Coiste Airgeadais: ar a bhfuil triúr comhalta Boird,. Is é an ról atá ag an gCoiste Airgeadais ná cabhrú leis an mBord ina ról rialachais maidir le hábhair airgeadais ar a bhfuil leabhair chearta cuntasaíochta a choimeád, cuntais agus buiséid bhliantúla a ullmhú, cuntais bhliantúla a chur isteach i gcomhair iniúchta agus cuntais iniúchta a chur ar fáil don Aire Sláinte. Is iad comhaltaí an choiste seo ná: An tUas. Linda Hickey (Cathaoirleach), An tUas. Kate Williams agus an tUas. Deirdre Cullivan. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Airgeadais in 2017.

4. An Coiste um Fheidhmíocht agus Forbairt: ar a bhfuil beirt chomhalta. Is é an ról atá ag an gCoiste um Fheidhmíocht agus Forbairt ná tacú leis an mBord feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh a mheas agus an straitéis oiliúna agus forbartha agus forbairt fheidhmíochta a sheachadadh. Is iad comhaltaí an choiste seo ná: An tOllamh Anthony Staines (Cathaoirleach), An tUas. Kate Williams. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste um Fheidhmíocht agus Forbairt in 2017.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal freastail ag cruinnithe Boird agus Coistí do 2017 ar a bhfuil táillí agus costais a fuair gach comhalta leagtha amach thíos:

| | An Bord | An Coiste Comhairleach Leighis | An Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí | An Coiste Airgeadais | An Coiste um Fheidhmíocht agus Forbairt | Táillí an Bhoird in 2017 € | Costais 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Cruinnithe** | **8** | **10** | **4** | **5** | **2** | | |
| An tOll. Anthony Staines (Cathaoirleach) | 8 | | | | 2 | - | 848 |
| An tUas. B. O'Mahony | 4 | | | | | - | - |
| An tUas. L Hickey | 7 | | | 3 | | 11,970 | - |
| An Dr. J Heslin | 2* | 5 | | | | - | 187 |
| An Dr. E Kenny | 7 | 10 | | | | - | 721 |
| An tUas. K Williams | 6 | | | 3 | 2 | 11,970 | 180 |
| An Dr. J Georgsen | 2* | 3* | | | | 4,988 | 1,689 |
| An Dr R Desmond | 6 | 6 | | | | - | 183 |
| D Cullivan | 8 | | | 5 | | 11,970 | 1,324 |
| An Dr Y Traynor | 4 | | 4 | | | 11,970 | - |
| An tUas. J Malone | 8 | | 4 | | | 11,970 | 257 |
| An tUas S Mills | 3 | | 3 | | | 11,970 | - |
| An Dr S Pastila | 4** | 4** | | | | 5,985 | 2,022 |

* Téarma Boird críochnaithe ar 31 Bealtaine 2017

** Téarma Boird tosaithe 7 Meitheamh 2017

Bhí cúigear comhalta Boird nach bhfuair táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin (OPOS).

# Tuarascáil an Chathaoirligh

### An Cód um Chaiteachas Poiblí

Tá an Bord tiomanta cloí le forálacha an Chóid um Chaiteachas Poiblí agus le Ciorcláin 02/2016 – socruithe le haghaidh caiteachas Digiteach agus TFC sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Tá a modheolaíocht fhoirmiúil bhainistíochta tionscadal féin forbartha ag SFÉ chomh maith, rud atá oiriúnach le haghaidh oiriúnú, agus é sin faoi réir mhéid an tionscadail atá i gceist.

### Gnóthas Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá Comhaltaí an Bhoird réasúnta sásta go bhfuil go leor acmhainní ag SFÉ le leanúint dá hobair sa ghearrtéarma. Ar an gcúis seo, leanann siad de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Tar éis don Bhord measúnú a dhéanamh ar luachálacha sócmhainne na scéime pinsin, ar an bplean maoinithe reatha, lena n-áirítear athruithe a comhaontaíodh maidir le sochair na scéime, ar ráta maoinithe athmheasta achtúirí na scéime, agus ar an sreabhadh airgid a thuar an Bord don dá mhí dhéag ón dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais, tá an Bord sásta go bhfuil dóthain de chúlchiste acu chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a cheadú ar bhonn ghnóthais leantaigh.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Scóip Freagrachta

Thar ceann Bhord BFÉ, aithním an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Tógann an fhreagracht seo riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras mar sin ach ráthaíocht réasúnach seachas ráthaíocht iomlán a chur ar fáil go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe, agus taifeadta i gceart agus go bhfuil cosc curtha ar earráidí ábhartha nó ar mhírialtachtaí nó sin go bhfuil siad aimsithe ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm i SFÉ don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na Ráitis Airgeadais.

### Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh bunaithe ag SFÉ a bhfuil dóthain acmhainní aige agus leanann sé clár oibre atá comhaontaithe leis an gCoiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí.

Tá creat bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí, na próisis bainistíochta riosca atá ann agus tugann sé mionsonrú ar róil agus ar fhreagrachtaí na foirne maidir le riosca. Leagann an creat amach an ról atá freagrach as gach riosca, an próiseas athbhreithnithe atá ann chun bainistíocht a chur san airdeall ar rioscaí atá ag éirí agus le laigeachtaí a rialú agus an ról leis an fhreagracht sílte ar rioscaí agus ar rialaithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag SFÉ a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí atá roimh SFÉ agus tá siad sin aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhacht. Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, cáile, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibriúcháin don eagraíocht, an rialú reatha agus gníomhartha breise a bhfuil gá leo chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú dá bhfíorófaí ceann de na rioscaí. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn rathúil ag cruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí, áit a dtugann an Bainisteoir Riosca agus Acmhainneachta nuashonrú ar bhainistíocht riosca agus ar an gclár riosca. . Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal réasúnach.

Tugann an clár riosca mionsonraí ar na rialúcháin agus na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun rioscaí agus freagrachtaí ar oibriúchán rialúcháin atá sannta d'fhoireann ar leith a mhaolú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann i bhfeidhm:

- tá nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasaíocht dá réir,
- tá córas buiséid cuí ann le buiséad bliantúil a ndéanann ardbhainistíocht athbhreithniú seasta air,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta rialúcháin ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí ón taobh amuigh go bhfuil dóthain rialaithe ar cheadú deontas agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú gur i dtreo an chuspóra a bhí beartaithe a úsáideadh an maoiniú deontais.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialúcháin agus cuirtear in iúl faoi easpaí rialúcháin dóibh siúd a bhfuil freagracht orthu le gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don Bhainistíocht Fheidhmiúcháin agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe a bhaineann leo aitheanta agus tá próisis curtha in áit chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easpa atá aitheanta
- ta socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht ar bhainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais a chuireann feidhmíocht in aghaidh buiséad in iúl.

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta in áit ag SFÉ chun a chinntiú go gcloífear le rialacha agus treoirlínte soláthar reatha. Cuirtear béim thíos ar

# Tuarascáil an Chathaoirligh

ábhair a thagann aníos maidir le rialúcháin ar sholáthar faoi cheisteanna rialúcháin inmheánaigh.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag SFÉ chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialúcháin. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an ardbhainistíocht laistigh de SFÉ a bhfuil freagracht orthu faoin gcreat rialúcháin airgeadais inmheánaigh monatóireacht agus athbhreithniú SFÉ ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh ar an eolas.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialúchán inmheánaigh do 2017.

## Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh

### Soláthar Neamhchomhlíontach

Ceapadh sainchomhairleoireacht HR go práinneach in 2016 chun fiosrúchán foirmiúil a dhéanamh faoinár nósanna imeachta smachta agus dínite ag an obair. Is gnáthchuid de chaidreamh fostaithe iad fiosruithe den chineál seo. Go hiondúil ní chosnaíonn fiosruithe mar sin níos mó ná an riachtanas soláthair ar thairseach mhéid chonartha de 25K. Níor ceapadh ar an mbealach isteach san fhiosrú seo go mbeadh costais an fhiosraithe níos mó ná an tairseach seo agus dá réir ceapadh imscrúdaitheoir saineolach ar bhonn práinneach gan próiseas conartha a bheith ann. De réir mar a chuaigh an fiosrú ar aghaidh tháinig méadú mór ar chastacht na gceisteanna a bhain leis agus an líon fínithe arbh éigean agallamh a chur orthu rud a raibh éifeacht aige mar thoradh ionchais ar chostais. Mar sin féin, de bharr go raibh an próiseas leanúnach bhí sé dodhéanta stop a chur leis an bhfiosrú a bhí ag dul ar aghaidh gan riosca dlí do-ghlactha ar dhlíthíocht san Ard-Chúirt a fháil ó ghearánaigh go leor, agus ó dhéantóir líomhnaithe na coire, agus bheadh dúbláil ar chuid de na costais mar thoradh ar seo mar go gcaithfí an obair a bhí críochnaithe a dhéanamh arís.

I gcúinsí mar sin agus de bharr íogaireacht an ábhair ní raibh aon rogha dáiríre ag SFÉ ach leanúint leis an bhfiosrú gur críochnaíodh é, cé nach raibh aon fháilte roimh staid an chostais mar dá rachfaí aon treo eile bhainfí an bonn d'fhiosrú neamhspleách a bheadh comhairleach seachtrach a dhéanamh ar ábhair throma. Tá caighdeán an-ard ag teastáil ar cheart nádúrtha agus ar thaithí le próisis casta a bhainistiú chomh maith le neamhspleáchas riachtanach an imscrúdaitheora, agus ní bhreathnódh na Cúirteanna go báúil ar aon chur isteach ó SFÉ ón am ar cuireadh tús leis an bhfiosrú. Ba é an costas iomlán cothrom le dáta a bhí ar an bhfiosrú ná €109,049 in 2017.

Ceadaíodh caiteachas chun earraí a chur in ionad scanóirí láimhe le aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann leis na scanóirí atá á n-úsáid faoi láthair i gclinicí. Is soláthraí aonair í an chuideachta a sholáthraíonn na scanóirí leis na dochtearraí cearta a bhfuil gá leo agus mar sin socraíodh nach rithfí conradh foirmiúil do na 100 aonad ionaid a bhfuil gá leo. Ba é an praghas a aontaíodh don chostas seo ná €27,433, CLB san áireamh.

Rinne suirbhé ar líne ar dheontóirí agus dhaoine nach deontóirí iad le linn 2017. Bhí an eagraíocht sásta oibriú le gnólacht aitheanta a rinne obair do SFÉ sa réimse seo cheana agus a raibh an taithí agus an saineolas acu a raibh gá leis le hoibriú leis na grúpaí pobail deontóra agus neamhdheontóra a bhí mar sprioc ag an suirbhé. Tógáil a bhí anseo ar obair thaighde a rinne an chuideachta seo cheana. B'ionann agus €32,134, CBL san áireamh an caiteachas a bhain leis an suirbhé agus an tuairisc seo.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017 faoi FRS102.


### Nochtuithe Cosanta

Cloíonn SFÉ leis na riachtanais faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus deimhníonn sé go bhfuil nósanna imeachta ann le nochtadh cosanta a dhéanamh de réir Alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta in 2017.

### Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

Nialas.

**An tOllamh Anthony Staines**
Cathaoirleach



**"Caithfimid leanúint a bheith ag síornuáil agus ag tabhairt tuairimí nua chuig an obair ar mhaithe leis na hothair agus na deontóirí a bhfuil muid ag cur seirbhíse ar fáil dóibh**

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Leanann SFÉ d'fhuil, pláitíní, fíochán agus táirgí fola a chur ar fáil d'othair in Éirinn de réir caighdeáin cháilíochta an-ard. Is éard atá ag tarlú ná go bhfuilimid ag streachailt soláthar comhsheasmhach a choinneáil d'ospidéil, ar aon dul le cuid mhór tíortha forbartha. Dá réir sin, caithfidh ár margaíocht agus ár bhfógraíocht a bheith níos dírithe agus thar ardáin go leor.

Tá rátaí iarchuir thar a bheith ard againn, go háirithe maidir le haemaglóibin agus bhí sé mar thoradh air seo go raibh easnaimh ar ghrúpaí fola áirithe i rith na bliana. Tá deacracht ar leith againn soláthar ar fhuil dhiúltach O a choimeád. Tá roinnt ospidéil ann atá ag úsáid an ghrúpa seo go míchuí agus caithfimid an grúpa seo a bhainistiú níos gníomhaí le linn 2018 agus céim ar bith a bhfuil gá leis a thógáil chun ár ndeontóirí diúltacha O a chosaint. Sheol muid feachtas cruthaitheachta nua le linn 2017 dar teideal *Every One Counts* bunaithe ar an bprionsabal go mbeadh an beagán ag cur in iúl don mhórán. Dearadh é seo i gcomhair na meáin shóisialta agus bhí freagra an-mhaith againn ar an bhfeachtas seo. tá sé curtha in oiriúint freisin trí láthair gréasáin nua a chur i bhfeidhm. Ritheamar an feachtas idirnáisiúnta *Missing Type* freisin agus bhí sé mar thoradh ar seo agus ar an bhfeachtas nua cruthaitheachta go raibh láithreacht níos sofheicthe ag SFÉ ar ardáin dhigiteacha. Cé go bhfuil torthaí dearfacha le feiceáil ó na meáin shóisialta caithfimid a bheith níos sofheicthe in áiteanna eile chun deontóirí nua nach mbíonn gníomhach sna meáin shóisialta a mhealladh.

Don chéad uair le roinnt blianta anuas, chonaiceamar méadú, nach raibh súil leis ag teacht ar úsáid fola agus pláitíní. Ba mar gheall ar mhéadú ar an aistriú chuig othair chorráncheallacha agus gníomhaíocht níos mó i gcásanna oinceolaíochta agus haemaiteolaíochta a tharla se seo.

Rinneamar Suirbhé Foirne in 2015 faoin mbratach An-Áit le bheith ag Obair. Ag teacht as seo d'oibrigh muid le hionadaithe foirne ar a dtugtar an *Staff Matters Team* chun sraith freagraí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt le hamlínte a bhaineann leo chun déileáil leis na príomhcheisteanna a thagann aníos sa suirbhé. Foilsíodh an plean gníomhaíochta ag deireadh 2017 agus cuirfear i bhfeidhm é. Táimid tiomanta ar shuirbhé eile a bheith againn i gCeathrú 4 2018.

Cheadaigh an Bord agus an tAire an Plean Straitéiseach 2017 - 2020 in 2017 agus cuireadh faoi bhráid foirne é feadh na heagraíochta. Cuirfear an plean ag obair laistigh de gach réimse. Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfar monatóireacht dhlúth ar an gcur i bhfeidhm le cinntiú nach gcaillfear an móiminteam ar son athrú a bhí le brath sna seisiúin pleanála. Beidh Athbhreithniú Straitéise againn i lár 2018.

Chuir SFÉ athruithe ar chritéir an MSM i gcomhair deonaithe in Eanáir 2017. B'athrú mór é seo ar ár gcritéir deonaithe agus thug sé SFÉ ar aon dul leis an gcuid is mó de na seirbhísí fola idirnáisiúnta. Déanfaimid monatóireacht ar an athrú go bhfeicfimid cén tionchar a bheidh aige ar na hiarchur agus ar an soláthar fola. Rud spéisiúil nuair a rinne muid an t-athrú bhí roinnt mhaith gearán againn ó dheontóirí atá iarchurtha mar gheall ar athraitheach ar ghalar Creutzfeldt-Jakob agus cónaí sa RA. Tá an Stiúrthóir

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Leighis agus Eolaíochta tiomanta ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcritéir in 2018.

Is ceist mhór í bainistíocht riosca ar fud gnóthaí. Rinne SFÉ cuid mhór oibre i rith na bliana chun an polasaí riosca agus an creat chun riosca a bhainistiú a mhíniú agus chun an chlárlann riosca a chur in ord agus in eagar. Bhí athbhreithniú déanta air ag an EMT, an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Cloí agus ag an mBord chomh maith. Rinneamar cleachtadh deisce chomh maith ar an BCP le fáil amach ar oibrigh sé mar a bhí scríofa. B'fhiúntach an cleachtas é agus d'aimsíomar roinnt ceisteanna ar ghá díriú orthu agus rinneadh seo faoi dheireadh na bliana. Cheap muid Bainisteoir nua Riosca agus Athléimneachta gar do dheireadh na bliana a thabharfaidh neart taithí chuig an réimse seo.


Shocraigh an Bord leasú a dhéanamh ar na pleananna don Ionad nua i gCorcaigh. Dá réir seo thógfadh SFÉ an tIonad nua ar an suíomh atá ann agus más féidir thacódh sé le saotharlann imdhíonhaemaiteolaíochta chill dhearg comhtháite agus séireolaíocht tagartha ar champas an phríomhospidéil i gCorcaigh. Tá sé riachtanach go seachadfar an réiteach seo a chuireann an toradh is fearr ar fáil don dá pháirtí chomh luath agus is féidir é.

Tharla roinnt athruithe i measc an phríomhphearsanra in 2017. D'éirigh an Comhairleach a bhí freagrach faoin tástáil as oifig in Eanáir 2017 tar éis blianta fada de sheirbhís dhílis. Bhí seasamh idirnáisiúnta an-ard aici lena piaraí rud a bhí sárluachmhar do SFÉ. Bhí roinnt príomhchomhaltaí foirne eile a d'éirigh as oifig a raibh an t-uafás taithí agus eolais acu agus a raibh líonra leathan piaraí acu in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Gabhaim buíochas ó chroí leo as a dtiomantas, a ndíograis agus a ngairmiúlacht le linn dóibh a bheith ag obair i SFÉ agus guímid rath orthu amach anseo.

Chuireamar fáilte roimh an Dr Stephen Field mar an Stiúrthóir nua Leighis agus Eolaíochta. Tá taithí aige le blianta fada ar fhuilaistriúchán agus tá ceannaireacht chliniciúil léirithe aige thar gach réimse ó tháinig sé.

Is eagraíocht í SFÉ atá á stiúradh ag daoine agus ní féidir léi feidhmiú gan díograis agus gairmiúlacht na foirne go léir. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir a chinntigh trína n-iarrachtaí go leanaimid d'fhuil agus táirgí fola a sholáthar de réir an chaighdeáin is airde. Caithfimid leanúint a bheith ag síornuáil agus ag tabhairt tuairimí nua chuig an obair ar mhaithe leis na hothair agus na deontóirí a bhfuilimid ag cur seirbhíse ar fáil dóibh.

Is mise le meas,
**Andrew Kelly**
An Príomhfheidhmeannach



"Ceann de na freagrachtaí atá ar an tseirbhís fola ná a chinntiú go ndéantar fíorthástáil ar chodanna uile na fola i leith ghalair intarchurtha aistriúcháin."

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch

Ceann de na freagrachtaí atá ar an tseirbhís fola ná a chinntiú go ndéantar fíorthástáil ar chodanna uile na fola i leith ghalair intarchurtha aistriúcháin. Déanann SFÉ tástáil mhóilíneach ADN/RNA ( tástáil aigéid núicléasaigh ar a dtugtar TAN freisin) agus tástáil chun antasubstaintí nó antaiginí (séireolaíocht) a bhrath faoina choinne seo. Cinntíonn an comhcheangal teicnící seo go bhfuil íogaireacht an-ard braite ann do na víris HIV, Heipitíteas B,C agus E. D'ainneoin an chórais tástála seo tá seans teoiriciúil ann i gcónaí ar ionfhabhtú a tharchur i gcéim luath ionfhabhtú deontóra ar a dtugtar tréimhse fuinneoige air. Meastar go bhfuil riosca de dheonú amháin as 2 mhilliún deonú ann do heipitíteas B agus deonú amháin as 43 milliún deonú do heipitíteas C.

Tagann riosca eile le galair a tharchur as taisteal agus orthu sin tá an seadán atá mar chúis le maláire, víris teochriosach ar nós Zika, Chikungunya agus fiabhras Deinge. Bhí eipidéimí fiabhrais fuilreatha ar nós Víreas Ebola san Afraic le gairid. Tá tábhacht le stair thaistil dá bharr sin agus iarchuirtear deontóirí a bhíonn i gceantair atá buailte ar feadh tréimhse ama chun an fhéidearthacht go ndéanfaí aon cheann de na galair sin a tharchur a choinneáil amach. An t-aon eisceacht ar seo ná víreas na Níle Thiar atá fairsing sna Stáit Aontaithe agus i dtíortha eile le linn míonna an tsamhraidh. Déantar tástáil roghnaitheach ar dheontóirí a bhíonn ag taisteal chuig na tíortha sin ag úsáid TAN. Tagann fochoiste chomhairligh leighis le chéile go rialta chun aon bhagairt ghalar tógálach domhanda ar an soláthar fola a d'fhéadfadh tarlú a mheas.

In Eanáir 2017 d'athraigh SFÉ na rialacha d'fhir a mbíonn caidreamh gnéis acu le fir (MSM) a athrú ó iarchur buan go dtí iarchur bliana ón am a raibh an teagmháil MSM deiridh acu. Tá sé seo ar aon dul leis an gcleachtas i dtíortha eile go leor agus de bharr na n-áiseanna tástála nua-aimseartha ceaptar gur cleachtas sábháilte é. Déanfar athbhreithniú air in 2018.

Tugadh isteach rialacha nua mar iarracht chun na tarluithe fanntais a laghdú, go háirithe i ndaoine óga, lena chinntiú nach roghnófaí mná óga faoi 25 nach mbeadh mórán fola acu don deonú, agus dhéanfaí é sin a ríomh ar bhonn airde agus meáchain.

Déanann rialúcháin Eorpacha éigeantach é go gcinnteodh forais fola go ndéanfaí aitheantas deontóra a dhearbhú trí cháipéisí aitheantais chuí a scrúdú. Beidh SFÉ ag tabhairt isteach riachtanais do dheontóirí le cáipéisí mar sin a chur ar fáil in 2018.

Tá an modh seo forbartha agus deimhnithe ag an tsaotharlann mhóilíneach imdhíon-haemaiteolaíochta chun DNA féatach a bhaint as séiream máthartha agus tá sí in ann stádas Rh an linbh gan bhreith a dheimhniú agus ar an mbealach sin á chur ar a gcumas siúd atá ag iompar linbh Rh-diúltach instealladh frith-glóbailin imdhíonachta D próifiolacsach a sheachaint. Táthar ag súil go mbeidh an teicníc seo ar fáil do gach ospidéal máithreachais in 2018.

**Stephen Field MA, MMed(Haem) FCPath (SA)**
Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta
Haemaiteolaí Comhairleach

# Oibríochtaí




# Seirbhísí do Dheontóirí

## #Feachtas EveryOneCounts

Sheol SFÉ feachtas EveryOneCounts in Aibreán 2017, agus ba é cuspóir an fheachtais ná deontóirí a chur ar an eolas agus iad a bhogadh ó fheasacht go gníomhaíocht ar feadh na bliana. Bhain an feachtas margaíochta digitigh seo úsáid as scéalta naonúr deontóir trí mheáin dhigiteacha agus shóisialta; FB, Twitter, fógraíocht ar líne, Youtube, tionchair sóisialta cuí, fógraí raidió náisiúnta, agus eagarfhocal ar líne ar Independent.ie, TheJournal.ie, Her.ie, Joe.ie.

Tá an feachtas rathúil agus ghlac deontóirí go maith leis. Sháraigh na scéalta ar fad na spriocanna a bhí acu ó théarmaí sroichte agus tuairime. Tá fás seasta ar ár gcainéil meáin shóisialta i gcaitheamh na bliana, tá 110K lucht leanúna anois ar ár leathanach Facebook (ó 60K ag tús an fheachtais), tá 17.5k de lucht leanúna ar ár leathanach Twitter agus baintear úsáid as le freagra a thabhairt ar bharúlacha agus cheisteanna deontóirí gach lá, chomh maith le freastal ar bhealaí na meáin chumarsáide agus grúpaí sainleasa chun cur lenár dteachtaireacht. Bhí leibhéal ard gafachta againn ar ár gcainéil sóisialta mar gheall ar na scéalta mothúchánacha agus spreagúla ónár ndeontóirí ó na Sceirí, agus spreag sé sin daoine eile lena scéalta féin a roinnt agus teachtaireacht agus tairbhí dheonú fola a chur chun cinn.




## Pacáiste Oideachais Scoileanna Nua

Cruthaíodh Pacáiste Oideachais Scoileanna nua agus seoladh amach é chuig os cionn 700 meánscoil ar fud na tíre i nDeireadh Fómhair 2017. Tá plean ceachta 40 nóiméad, DVD ar Oideachas Fola agus tráth na gceist ar fhíricí fhuil dhaltaí le fáil sa phacáiste. Tá cóip bhog den phacáiste le fáil freisin le híoslódáil ar an láithreán gréasáin giveblood.ie.

Bhí tacaíocht digiteach tugtha do sheoladh an phacáiste Scoile le hábhar físe pacáiste scoile leis an téama Every One Counts, a mbeidh Príomhoide Phobalscoil Neasáin, Pat McKenna, an Múinteoir, Thérèse Glennon, agus a daltaí ón tsraith shinsearach ag caint ar an mbealach a bhfuil siad gafa le fuil a thabhairt agus a ndréim le scoileanna eile a spreagadh le gníomh a dhéanamh iad féin. Tháinig daltaí ó Phobalscoil Neasáin isteach i Sráid D'Olier le fuil a dheonú mar chuid de sheachtain meanman scoile agus spreagadar scoileanna eile leis an rud céanna a dhéanamh.

Rinneadh fógraíocht ar an ábhar físe ar mheáin shóisialta SFÉ chun cabhrú le hoideachas i dtaobh dheonú fola a chur chun cinn le múinteoirí, le daltaí agus lena dtuismitheoirí.








## Téacsanna ar Úsáid Dheonaithe

Bhí an-áthas ar SFÉ a fhógairt go raibh téacsanna ar úsáid dheonaithe á sheoladh i bhFeabhra 2017. Faigheann deontóirí teachtaireachtaí téacs tar éis dóibh fuil a dheonú ag glacadh buíochais leo agus ag cur in iúl dóibh cén t-ospidéal ar seoladh an deonú chuici. Seoladh os cionn ceathrú milliún téacs eisiúna in 2017. Glactar go maith leis na téacsanna, agus is minic go roinneann deontóirí go leor a dtéacsanna ar na meáin shóisialta agus go gclibeálann siad Giveblood.ie, ag leathnú ár sroicheadh agus ár infheictheacht ar líne agus ag spreagadh daoine eile le dul chuig a gclinic áitiúil agus a dtéacs eisiúna féin a fháil ina dhiaidh sin.

## Athsheoladh an Láithreáin Gréasáin/Freagrúil Soghluaiste

Athsheoladh láithreán gréasáin SFÉ, Giveblood.ie i Lúnasa 2017 mar gheall ar an athrú atá ag méadú ar iompar ár mbonn deontóra a bhaineann úsáid as a fón póca mar phríomhfhoinse eolais. Rinneadh uasghrádú ar an láithreán gréasáin chun é a dhéanamh freagrúil-soghluaiste agus ar na feabhsúcháin bhí feidhm aimsitheora clinic, chun cuardaigh níos sciobtha agus níos éifeachtúla ar eolas deonaithe ar nós amanna clinic, láithreacha, cáilitheacht ar dheonú fola, agus eolas ginearálta ar chlárlann fola, pláitín agus smeara a éascú.




## Feachtas Shéasúrach – #Wheresdrac

Is am dúshlánach iad laethanta saoire bainc agus tréimhsí bhriseadh lár téarma scoile don SFÉ chun a chinntiú go bhfuil soláthar fola seasta againn chun freastal ar an éileamh ó ospidéil mar go dtéann daoine ar laethanta saoire agus go mbriseann siad an gnáthamh rialta.

Ag teannadh le lá saoire bainc Dheireadh Fómhair agus an briseadh lár téarma scoile ritheamar feachtas ar théama shéasúr na Samhna i gcomhar leis an Ard-Mhúsaem Céarach Plus dar dtugtar #Wheresdrac mar mheabhrú do dheontóirí agus deontóirí nua a earcú. Rith an feachtas ón Luan 23 go dtí an Mháirt an 31 Deireadh Fómhair 2017 agus cuireadh chun cinn é ar na meáin shóisialta chun díriú ar lucht leanúna reatha ár leathanach agus lucht leanúna nua a earcú.

Bhí pictiúir de 6 láthair a raibh aithne mhaith orthu timpeall Bhail Átha Cliath mar chuid den ábhar: An tArd-Mhúsaem Céarach, Páirc an Chrócaigh, Stáisiún Heuston, Penny's, Molly Malone agus Clinic Fola D'Olier. Iarradh ar dhaoine buille faoi thuairim a thabhairt ar #Wheresdrac gach lá agus an post a roinnt chun seans a bheith acu le pas clainne a bhuachan i gcomhair an Ard-Mhúsaem Céarach Plus. Bhí an feachtas nasctha ar ais chuig an gclinic mar ar lá deiridh an fheachtais nochtaíodh go raibh Dracula i gclinic Fola Shráid D'Olier.

# Seirbhísí do Dheontóirí




Ritheamar alt dúchasach ar Joe.ie a lean suas ar an scéal taobh thiar dár gcomhpháirtíocht leis an Ard-Mhúsaem Céarach Plus. Bhí agallamh le Laoise (Bainisteoir Margaíochta an Ard-Mhúsaem Céarach) agus a hathair, John, ar dheontóirí iad an bheirt acu mar chuid de. D'inis an t-alt scéal John agus an chaoi ar shroich sé a 94ú deonú sula mb'éigean dó stopadh de bharr tinnis, ach spreag sé a chlann le leanúint don traidisiún le fuil a dheonú!

Thiomáin an feachtas torthaí láidre ar fheasacht agus ar ghafacht roimh agus tar éis an bhriseadh lár téarma mar go raibh freastal maith ar an gclinic i rith na tréimhse seo.

## Nasc Choláistí 2FM

Rinne 2FM agus SFÉ nasc le deonú fola a chur chun cinn ar seó raidió Eoghan McDermott ar an gcraoltóir bóthair lasmuigh de chlinic na mac léinn i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath ar an 6 Samhain. D'fhreastail Eoghan ar chlinic Choláiste na hOllscoile agus thug sé deonú, rinne sé doiciméadú ar a thaithí féin agus thaithí dheontóirí eile agus ar dhuine dár n-altraí ag an gclinic agus roinn sé é leis an lucht éisteachta ar an seó beo an tráthnóna sin. Craoltar an seó ar fud na tíre agus tá sé dírithe ar dhaoine óga, ag cabhrú le SFÉ próifíl dheontóirí níos óige a shroicheadh agus an tábhacht a bhaineann le fuil a thabhairt a spreagadh.



Mar chuid den chraoladh rinne Eoghan agallamh le hiar-mhac léinn/deontóir ón gcoláiste, Pádraig & mac léinn/faighteoir ón gcoláiste, Marianna a roinn a dtaithí agus a scéalta pearsanta faoin tábhacht a bhaineann le fuil a thabhairt agus a fháil ina saol. Rinne Eoghan & 2FM athbheotvuíteáil ar tvuíteanna Giveblood chuig a lucht leanúna tvuíte a bhfuil 320,000 acu ann le chéile agus fuair an seó leibhéal ard gafachta trí théacsanna agus WhatsApp le linn an chraolta. Bhí ardú de + 8.24% ar fhreastal ar chlinic Choláiste na hOllscoile agus ardú de +14.51% ar dheonuithe. Bhí freastal an-mhaith ar an gclinic freisin sna seachtainí tar éis an seó beo raidió.

## Seachtain Blood For Life

Rith SFÉ seachtain Blood For Life i Meitheamh 2017 chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le fuil a dheonú. Thacaigh muid le lá Deontóra Fola an Domhain ar an 14 Meitheamh le poist lena chur chun cinn ar na meáin sóisialta. Chuaigh Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Joe Duffy freisin chun téama na bliana seo ag cur béim ar úsáid riachtanach fola le cóir a chur ar fhaighteoirí i staideanna éigeandála a chur chun cinn.

## Cineál in Easnamh 2017

Mar gheall ar an tóir a bhí ar fheachtas #Missingtype in 2016, rith SFÉ an feachtas den dara bliain le leibhéil a bhí chomh rathúil céanna le linn am den bhliain atá dúshlánach go traidisiúnta maidir le freastal i gcomhair dheonú fola i Lúnasa. Agus A, B agus Onna bainte againn d'ainmneacha brandaí agus comharthaí,





bhíomar in ann ceist a chur céard a tharlódh mura mbeadh soláthairtí grúpaí fola A, B nó O ar fáil. Agus tacaíocht ollmhór faighte againn ó chuideachtaí agus eagraíochtaí amhail CLG, Fáilte Éireann, Turasóireacht Bhaile Átha Cliath, Tayto, Ionad Siopadóireachta Dhún Droma, The Journal, Iarnród Éireann agus cuid mhór cuideachtaí eile, bhíomar ar an dara topaic ba mhó chun tosaigh ar na meáin shóisialta.

Bhí an feachtas ag trasnú ardáin ar líne, stáisiúin raidió náisiúnta agus foirne sráide raidió, agus bhí an-rath air lenár dteachtaireacht a thabhairt chuig ár ndaoine óga go háirithe. Thug sé deis do dheontóirí freisin a chur in iúl do dhaoine eile gur thug siad fuil trí féiníní a phostáil le bord ghrúpa fola féinín ag ceaintíní ag ár gclinicí.

## Feachtais earraí ar chlinic

Tá sé mar aidhm ag SFÉ taithí ár ndeontóirí a dhéanamh chomh speisialta agus is féidir nuair a thagann siad isteach sa chlinic lena ndeonú a thabhairt chun gur fada leo go bhféadfaidh siad teacht ar ais le fuil agus pláitíní a thabhairt arís! Ritheamar roinnt feachtais bheaga earraí séasúracha sa bhreis ar na míreanna rialta ar nós pinn agus fáinní eochracha tralaí. Bhí áthas ar dheontóirí teacht ar phléisiúir phónaire ghlóthaí giveblood.ie speisialta i gclinicí ar fud na tíre ar . Lá Fhéile Pádraig agus arís sa Samhradh.

Rinneamar seachadadh séasúrach ar oráistí 'puimcín' le téama na Samhna i nDeireadh Fómhair mar go gcabhraíonn sé lenár leibhéil haemaglóibin má itheann muid beatha le vitimín C agus atá saibhir in iarann.

Sheol muid an feachtas #BlingUpYoBauble i mí na Nollag. Taispeánadh ornáidí Giveblood.ie ar chrainn Nollag SFÉ i gclinicí rud a chuir le spiorad na féile i dtimpeallacht clinicí agus spreagadh deontóirí le hornáid giveblood.ie a thabhairt abhaile leo é a phearsantú agus a ndearaí a roinnt linn ar ár leathanaigh meáin sóisialta leis an taithí a thabhairt ón gclinic go dtí baile an deontóra.

## Searmanas Bronnta Deontóra


Reáchtáladh searmanais bronnta do dheontóirí i mBaile Átha Cliath, i gCeatharlach, i gCorcaigh, i dTuaim agus i mBaile Átha Fhirdhia. Fuair iomlán 536 deontóir aitheantas as breis is 50 agus 100 deonachán a thabhairt. Is cuid thábhachtach iad na gradaim seo d'fhéilire SFÉ ós rud é go n-aithníonn siad deontóirí agus a dtiomantas leanúnach d'fhuil nó pláitíní a dheonú. Is deis é seo ag SFÉ buíochas a ghabháil le deontóirí as a ndílseacht agus a dtiomantas seasmhach do bheatha daoine a shábháil. Ag gach aon cheann de na hócáidí seo, insíonn othar a fuair fuil a scéal agus tugann sé seo fíorthuiscint do gach aon deontóir ar an tábhacht atá leis an mbronntanas tarrthála a thugann siad do dhaoine eile.

**Gradaim do Dheontóirí in 2017**

| | Deontóirí 50 uair | Deontóirí 100 uair | Searmanais |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 42 | 4 | 1 |
| Baile Átha Fhirdhia | 78 | 7 | 1 |
| Baile Átha Cliath | 124 | 56 | 2 |
| Corcaigh | 136 | 29 | 1 |
| Tuaim | 49 | 11 | 1 |
| **Iomlán** | **429** | **107** | **6** |


# Staidreamh Deontóirí

## Deontóirí 2016 i gcomparáid le 2017





**Líon na ndeonachán lánfhola**

**Líon na ndeontóirí a thug na deonacháin sin**





## Deonacháin Lánfhola de réir Deontóirí 2017





Líon na nDeontóirí (Tabhair do d'aire: tá deontóirí a dheonaíonn fuil 4+ huaire ar an bpainéal haemacrómatóise)


## Freastal in aghaidh aon mhíle den phobal 2017




## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise




## Deontóirí Lánfhola de réir Grúpa Fola



# Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil

Is éard atá i rannóg na Seirbhísí Próiseála agus Ospidéil de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ) ná an tSaotharlann Comhchodanna, an tSaotharlann Forbartha Táirgí, agus an Rannóg Seirbhísí Ospidéil. Tá sé bunaithe ag an Ionad Fola Náisiúnta (NBC) i mBaile Átha Cliath agus ag an SFÉ i gCorcaigh.

Tá an tSaotharlann Comhchodanna freagrach as próiseáil, lipéadú agus taisceadh na ndeonachán lánfhola a bhailítear go náisiúnta agus aifiréis pláitíní a bhailítear ag an gclinic aifiréise. Ina theannta sin tá sé freagrach as pláitíní taiscthe a ullmhú agus as lánfhuil neamhrialta, orduithe ceall dearg agus na horduithe pláitíní go léir a fhaightear sa INF a eisiúint. Tá an tSaotharlann Comhchodanna in Ionad Chorcaí freagrach as na deonacháin aifiréis pláitíní a bhailítear san Ionad a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce agus déanann siad bainistiú chomh maith ar na haonaid choinneála stoic atá bunaithe i gCorcaigh. Tá an Rannóg Seirbhísí Ospidéil san INF agus i gCorcaigh freagrach as orduithe leictreonacha a fháil ó na hospidéil agus as táirgí a eisiúint de bhun na n-orduithe sin.

## Seirbhísí Ospidéil

Tá an Rannóg Seirbhísí Ospidéil (RSO) san INF freagrach as gach ordú leictreonach a fháil ó na hospidéil a fhaigheann soláthairtí ón INF agus as eisiúint na dtáirgí go léir ón INF. Roghnaíonn agus eisíonn foireann an RSO gach táirge rialta ceall dearg agus tá Eolaithe Leighis na Saotharlainne Comhchodanna freagrach as gach táirge pláitíní agus gach táirge neamhrialta lánfhola agus ceall dearg a roghnú agus a eisiúint. Tá Seirbhísí Ospidéil Chorcaí freagrach as gach táirge rialta ceall dearg a roghnú agus a eisiúint, agus tá Saotharlann Haemaiteolaíocht Imdhíonachta Chorcaí Ceall Dearg freagrach as gach táirge pláitíní agus gach táirge neamhchaighdeánach lánfhola agus táirge ceall dearg a roghnú agus a eisiúint.

Fuarthas iomlán 32,935 ordú táirge go leictreonach in 2017. Astu seo, fuarthas 26,360 acu san INF agus fuarthas 6,575 acu i gCorcaigh.

**Orduithe a Fuarthas Ar Líne**


| | 2016 | 2017 | Athrú |
|---|---|---|---|
| An INF | 27,275 | 26,360 | -915 (-3.35%) |
| Ionad Chorcaí | 6,157 | 6,575 | +418 (+6.79%) |
| **Iomlán** | **33,414** | **32,935** | **-479 (-1.43%)** |

## An tSaotharlann Comhchodanna

### Lánfhuil

Próiseáladh iomlán 128,030 deonachán lánfhola táirgiúil san INF in 2017. Ísliú 0.81% a bhí anseo ar an líon a próiseáladh in 2016.

**Deonacháin Lánfhola a Próiseáladh**




Próiseáladh na deonacháin lánfhola chun na táirgí príomha agus tánaisteacha seo a leanas a chruthú:

| Príomhtháirge | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| **Lánfhuil agus Cealla Dearga** | | |
| Lánfhuil | 9 | 0 |
| Lánfhuil le haghaidh úsáid nua-naíoch | 1,396 | 0 |
| Tiúchan Ceall Dearg | 115,396 | 102,897 |
| Tiúchan Ceall Dearg le haghaidh úsáid nua-naíoch | 11,001 | 3,725 |
| Cealla Dearga, Téachta | 2 | 0 |
| **Táirgí Plasma** | | |
| Plasma Úr Reoite, Scagtha | 1 | 0 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid nua-naíoch | 119 | 0 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh Táirgeadh Crióidheascáin | 0 | Neamhbhainteach |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh Crióidheascáin d'úsáid nua-naíoch | 482 | Neamhbhainteach |
| Séiream do Dheora | 2 | 2 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid IVD | 125,795 | 72,622 |
| **Cisil Bhánbhuí** | | |
| Leocaicítí, Ciseal Bánbhuí le haghaidh táirgeadh pláitíní taiscthe | 36,977 | Neamhbhainteach |
| Leocaicítí, Ciseal Bánbhuí | 4,005 | Neamhbhainteach |
| **Aifiréis pláitíní** | | |
| Pláitíní aifiréise | 19,148[1] | 9,841[2] |

| Táirge Tánaisteach | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| **Cealla Dearga** | | |
| Cill Dhearg Curtha ar Fuaidreamh Arís | 836 | 807 |
| Cealla Dearga Nite | 16 | 7 |
| Cealla Dearga Leáite/Nite | 0 | 2 |
| Cealla Dearga le haghaidh IUT | 24 | 24 |
| Cealla Dearga, Plasma Laghdaithe | 548 | 356 |
| Cealla Dearga Roinnte le haghaidh Úsáid Nua-Naíoch | 953 | 814 |
| Cill Dhearg, Ionradaithe | 16,223 | 15,851 |
| **Táirgí Plasma** | | |
| Plasma Criólaghdaithe | 244 | 0 |
| Crióidheascán le haghaidh úsáid nua-naíoch | 244 | 153 |
| Táirgí Pláitíní | | |
| Pláitíní, Aifiréis, Nite | 79 | 78 |
| Pláitíní, Dáileog Phéidiatraiceach | 9 | 9 |
| Pláitíní, Forthiubhaithe | 0 | 0 |
| Pláitíní, Aifiréis, Saol Sínte | 7,961[3] | 6,201 |
| Pláitíní, Taiscthe | 6,909 | 3,520[4] |
| Pláitíní taiscthe, Saol Sínte | 2,610[5] | 2,314[4] |
| **Cisil Bhánbhuí** | | |
| Leocaicítí, Taiscthe | 4 | 4 |
| Leocaicítí, Taiscthe, Laghdú ar Líon na gCeall Dearg | 2 | 2 |

*Tabhair do d'aire, le do thoil, nach mbeidh an méid a táirgeadh ag teacht leis an méid a dáileadh mar gheall ar stoc ag teacht isteach a bhí ar fáil ó 2016 ach a eisíodh in 2017.*

1 Is é seo líon iomlán na ndáileog aifiréis pláitíní a ullmhaiodh in 2017.
2 Is é seo líon na ndáileog aifiréis pláitíní le seilfré 5 lá a eisíodh i gcomhair úsáid theiripeach
3 Is fothacar iad sin d'iomlán na ndáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh
4 Is é suim na bhfigiúirí sin líon iomlán na bpláitíní taiscthe a eisíodh i gcomhair úsáid theiripeach (i.e. 3,520+2,314 = 5,834)
5 Is fothacar iad sin de na 6,909 pláitín taiscthe a hullmhaíodh

# Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil

### Pláitíní

Is éard a bhí sa táirgeadh pláitíní ná 10,025 deonachán aifiréise a bailíodh go náisiúnta agus 6,909 pláitín taiscthe a ullmhaíodh san INF. Bailíodh agus próiseáladh na deonacháin aifiréise sa dá ionad, agus próiseáladh 75% díobh san INF agus 25% díobh sa MRTC.

Cé go raibh laghdú beag ar tháirgeadh iomlán pláitíní le hais 2016, bhí táirgeadh pláitíní i leith aifiréis laghduithe 2,095 dáileog (-9.86%) le hais 2016, ach bhí tairgeadh pláitíní taiscthe ardaithe de 1,270 dáileog (+22.52%).


| | Aifiréis (dáileoga) | Taiscthe (dáileoga) | Iomlán (dáileoga) |
|---|---|---|---|
| 2016 | 21,243 | 5,639 | 26,882 |
| 2017 | 19,148 | 6,909 | 26,057 |
| Difríocht | -2,095 | +1,270 | -825 |
| Athrú % | -9.86% | +22.52% | -3.07% |

### Pláitíní, Aifiréis


Tháinig iomlán 19,148 dáileog ineisithe ón 10,025 deonachán aifiréis pláitíní. Is ionann seo agus ráta deonacháin 1.91 in aghaidh dáileoige, ráta a mhéadaigh go 1.97 nuair a fágadh deonacháin nárbh fhéidir a úsáid go teicniúil (320 deonachán) as an áireamh. Tháinig iomlán 21,243 dáileog ineisithe ón 10,763 deonachán aifiréis pláitíní in 2016. Is ionann seo agus ráta deonacháin 1.97 in aghaidh dáileoige, ráta a mhéadaigh go 2.03 nuair a fágadh deonacháin nárbh fhéidir a úsáid go teicniúil (313 deonachán) as an áireamh.

As iomlán na ndeonachán táirgiúil aifiréis pláitíní a bailíodh in 2017, bhí 9,936 (51.89%) díobh oiriúnach d'úsáid daoine fásta amháin agus bhí 9,201 (48.11%) díobh oiriúnach d'úsáid daoine fásta agus nua-naíoch.

### Deonacháin Aifiréise de réir Cineál Fleibeatóime





### Dáioleoga Aifiréise de réir Cineál Fleibeatóime




Bailíodh deonacháin aifiréis pláitíní mar dheonachán dháileog singil, dhá dháileog, nó trí dháileog.

Tháinig laghdú ar na deonacháin il-dháileoige agus tháinig méadú ar na deonacháin dáileoige singil le hais 2016.

## Deonacháin Aifiréise de réir Cineál Deonacháin





| | | Singil | Dúbailte | Triarach |
|---|---|---|---|---|
| 2016 | Úsáid Daoine Fásta | 432 | 4249 | 701 |
| | Úsáid Nua-naíoch | 366 | 3821 | 734 |
| 2017 | Úsáid Daoine Fásta | 643 (+48.8%) | 4000 (-5.9%) | 431 (-38.5%) |
| | Úsáid Nua-naíoch | 528 (+44.3%) | 3625 (-5.1%) | 478 (-34.9%) |

### Pláitíní, Taiscthe

Táirgeadh iomlán de 6,909 pláitíní taiscthe san INF in 2017. Táirgeadh gach grúpa ABO/Rh ach amháin AB Diúltach. Is mar seo a bhí an miondealú de réir grúpa:

## Pláitíní Taiscthe de réir Grúpa




Rinneadh leibhéal táirge ghrúpa ABO/Rh a choigeartú maidir leis an teagmhas sna grúpaí sin den daonra chun déileáil leis an bpatrún ordaithe do phláitíní.

Dáileadh na táirgí déanta go náisiúnta in 2017 de réir mar a léirítear sa tábla thíos:

| Táirge | Dáilte |
|---|---|
| Riastap 1g | 6,838 |
| Octaplex 500 | 18[1] |
| LG Octaplas O | 9,372 |
| LG Octaplas A | 6,070 |
| LG Octaplas B | 1,740 |
| LG Octaplas AB | 937 |
| Rhophylac | 0 |

1 Do chuspóirí bainistíocht stoic

# Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil

## An tSaotharlann Forbartha Táirgí,

Bhí dhá thionscadal mhóra ag an tSaotharlann Forbartha Táirgí le linn 2017:

- Deimhniú agus feidhmiú fheistí Lártheifneoir Uathoibríoch Terumo agus Comhcheangal Deighilteora (TACSI), agus
- Deimhniú ar phacaí fola atá á dtairiscint trí chonradh EuroBloodPack II.

Baintear úsáid as feistí TACSI i dtáirgeadh pláitíní taiscthe. Roimhe seo, bhítí ag ullmhú pláitíní taiscthe ag úsáid an chórais OrbiSac a chuaigh as feidhm in 2017. Rinneadh deimhniú rathúil ar an gcóras TACSI agus cuireadh i bhfeidhm go hiomlán é le linn Meán Fómhair 2017.

Cuireadh tús le pacaí EuroBloodPack II a dheimhniú in 2017 agus táthar ag súil go mbeidh na pacaí i bhfeidhm go hiomlán in 2018, tar éis dheimhniú rathúil a dhéanamh orthu.

# Tástáil



# TAN

## An tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN)

Tá an tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN) suite ag an INF agus cuireann sí tástáil náisiúnta mhóilíneach ar dheonacháin fola ar fáil ó gach ionad de SFÉ. Braitheann TAN RNA/ADN víreasach agus úsáidtear é chun pataiginí a iompraítear san fhuil a aithint a bhfuil an seans ann nach mbeidís inbhraite trí na measúnuithe reatha formheasta séireolaíocha ie. i rith na gcéimeanna is luaithe d'ionfhabhtú.

Déanann saotharlann TAN Deonachán Indibhidiúil (DI) -TAN trí úsáid ardán Panther i gcomhar le measúnacht Ultrio Elite (UE). Is córas dúnta uathoibríoch iomlán é an gaireas Panther a dhéanann tástáil TAN trí iliomad measúnuithe. Is measúnú ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (OMT) é measúnú Procleix Ultrio Elite chun Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna Chineál 1 agus 2 (HIV-1/2) RNA, víreas Heipitíteas C (VHC) RNA agus víreas Heipitíteas B (VHB) DNA a bhrath i bplasma daonna. Chuir an Roinn Sláinte Poiblí SFÉ ar an eolas faoi dheontóir fola a tháinig isteach agus ionfhabhtú géar HBV air/uirthi. Ag an am a rinneadh an deonú is déanaí, bhí scagthástáil diúltach ag an deontóir i leith gach marcálaí HBV (HBsAg, frith-HBc agus DNA). Cé go raibh tástáil neamh-frithghníomhach ag an sampla cartlainne ón deonú seo le measúnacht UE (S/CO=0.08), bhí measúnacht dhealaitheach UE (d) HBV DNA frithghníomhach (S/CO=24.04). Bhí meastachán ualach víreasach dodhéanta. Chloígh an deontóir le gach treoirlíne deonaithe ar an innéacs agus ar na deonuithe roimhe sin. Aistríodh aonad fola cealla dearg chuig an fhaighteoir ón aon chomhábhar den deonú a bhí lochtach. Glaodh ar ais ar an fhaighteoir tar éis aistrithe nuair a bhí HBsAg, frith-HBc (IgM & total, Abbott Architect) diúltach. Mar sin féin, braitheadh HBV DNA agus ba chomhionann seichimh ghéinitíopa i samplaí ón deontóir agus ón bhfaighteoir. Ba é seo an chéad chás a tuairiscíodh ar TT-HBV in ar úsáideadh measúnacht UE le deonuithe fola a scagadh (O'Flaherty et al. 2018).

Braitheann measúnú Procleix le haghaidh Víreas na Níle Thiar (VNT) RNA VNT leibhéil ísil go hiontaofa i ndeonacháin fola trí ardán Panther. Sular tugadh seo isteach, cuireadh siar deonadh fola na ndaoine sin a thaisteal go háit bhaolach VNT le 28 lá anuas. Tugadh isteach tástáil roghnach deonacháin fola le haghaidh VNT mar mhalairt ar an gcur siar geografach deontóirí 28 lá ó 8 Bealtaine 2017 go dtí 29 Nollaig 2017.

In 2014 rinne saotharlann TAN staidéar taighde chun feidhmiú mheasúnachta víreas Procleix Heipititeas E ar ghaireas Panther a mheas agus chun tarluithe HEV RNA i ndeontóirí Éireannacha a fháil amach. Bunaithe ar staidéir taighde SFÉ, tá séirealeitheadúlacht frith-IgG HEV 5.3% táscach go raibh fabhtú ann cheana, agus is é leitheadúlacht víréime HEV ná 1 as 5,000 deontóir Éireannach. Cuireadh scagthástáil uilíoch HEV RNA ar dheonacháin SFÉ i bhfeidhm ar an Luan 4 Eanáir 2016 ar feadh tréimhse thosaigh trí bliana (agus an maoiniú faofa ag an Roinn Sláinte).

Cinntíonn Rialú Cáilíochta Tástála TAN monatóireacht chruinn ar leochaileacht anailíseach agus in-atáirgtheacht ó thaobh measúnú scagthástála fola TAN de. Úsáidtear samplaí Rialaithe Sheachtraigh Cáilíochta (RSCanna) chomh maith

chun monatóireacht a dhéanamh ar oilteacht agus comhsheasmhacht theicniúil in íogaire baisceanna imoibrithe. Cuimsíonn measúnachtaí Grifols Procleix Calabróirí agus Rialú Inmheánach (RI). Úsáidtear RI chun próiseáil samplaí, aimpliú agus céimeanna braite a rialú, agus úsáidtear é le cinntiú go bhfuil gach próiseas tástála déantúsóra á n-oibriú i gceart. Caithfidh sonraí calabróra cloí le sonraíochtaí measúnachta. Ghlac saotharlann TAN páirt in iliomad Scéimeanna Measúnacht Cáilíochta Seachtraí (SMCS) in 2016 agus níor tuairiscíodh aon neamhréir. Ligeann comparáidí idir saotharlanna trí úsáid bhogearraí EDCNet (An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha agus Séireolaíochta, SNT, an Astráil, www.nrlqa.net) dúinn athbhreithniú piaraí a dhéanamh le húsáideoirí eile Panther/Ultrio Elite agus WNV ar fud an domhain. Tá an tsaotharlann TAN tiomanta d'fheabhsú leanúnach an phróisis TAN .

# An tSaotharlann Víreolaíochta

Is é feidhm na Saotharlainne Víreolaíochta ag an INF ná scagthástáil ollmhór ar dheonacháin fola uile le haghaidh galar in-tarchurtha aistrithe fola . Faigheann an tsaotharlann Víreolaíochta sampla séirim théachta ó gach deontóir, agus é tógtha ag am an deonacháin, rud a aithnítear le haitheantóir barrachóid uathúil, agus iompraítear gach sampla ó na clinicí do dheontóirí fola go dtí an INF thar oíche agus déantar tástáil orthu an lá dár gcionn. Déantar tástáil ar an sampla le fáil amach an bhfuil marcóirí víreasacha ar leith ann a d'fhéadfaí a tharchur trí aistriú fola. Tástáladh tuairim is 140,570 sampla deonacháin agus 1,746 sampla céaduaire ó dhaoine nach deontóirí iad in 2017.

Déantar na tástálacha séireolaíochta seo a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad éigeantach i gcás na ndeonachán go léir.


- antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg) agus antasubstaint in aghaidh phríomh-antasubstaint Heipitíteas B
- antaigin/antasubstaint in aghaidh an Víris Easpa Imdhíonachta Daonna 1/2
- antasubstaint in aghaidh víreas Heipitíteas C
- antasubstaint in aghaidh Víreas Daonna T-Lymphotropic I & II
- antasubstaint in aghaidh *Treponema Pallidum*, gníomhaí cúiseach Gallbholgaí

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) (timpeall 80% de dheonuithe) ionas go mbíonn soláthar deonacháin CMV dhiúltaigh ann do na hothair siúd a bhfuil sé de dhíth orthu m.sh. othair atá imdhíon-lagaithe.

Cuirtear lipéid ar na comhchodanna fola ón deontóir fad is atá gach tástáil críochnaithe agus go bhfaightear torthaí sásúla i saotharlanna tástála uile SFÉ.

Déantar na tástálacha seo le trealamh uathoibrithe a chloíonn le cGMP (dea-chleachtas déantúsaíochta). Déantar scagthástáil le haghaidh na coda is mó de na víris seo ar an Abbott Prism, agus fearais tástála Abbott Prism á n-úsáid, agus tá córas Prism á úsáid i SFÉ ó Mheitheamh 1997. Is uirlis scagthástála fola ardtoirte ilchainéalach é Abbott Prism atá uathoibrithe

## Líon na nOthar Éireannach a fuair TGFA ó Dheontóir Neamhghaolmhar ó 2008-2017



go hiomlán, agus é ceaptha go sonrach don mhargadh scagthástála deonacháin fola. Cloíonn sé go hiomlán leis an dea-chleachtas déantúsaíochta (GMP) agus is féidir leis 180 sampla a phróiseáil san uair. Déantar scagthástáil le haghaidh Bolgaí agus Cítimeigilivíris (CMV) ar phróiseálaí DiaSorin ETImax.

Déanann an tsaotharlann scagthástáil chomh maith le haghaidh marcóirí víreasacha do rannóga éagsúla i SFÉ, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochán comhla croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí.

Tá an tsaotharlann Víreolaíochta freagrach chomh maith as atreorú agus tuairisciú samplaí frithghníomhacha athuaire (TAN san áireamh) ó na cláir do dheontóirí agus do dhaoine nach deontóirí iad chuig an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta Víreas (STNV) agus an tSaotharlann Lárnach Paiteolaíochta (SLP) in Ospidéal San Séamas le haghaidh tástáil deimhniúcháin/bhreise.

Caithfidh an tSaotharlann Víreolaíochta a chinntiú go mbaintear amach feidhmíocht ionchasach measúnuithe tríd an tástáil réamhghlactha chuí baisce a dhéanamh, agus trí chaighdeáin ón Institiúid Náisiúnta Caighdeáin Bhitheolaíochta agus Rialúchán sa Ríocht Aontaithe a úsáid, agus rialúchán ilmharcóra ón tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Séireolaíochta san Astráil (an SNT, an Astráil) "Acrometrix Q Connect Purple" mar rialúcháin ceadaithe/diúltaithe ar gach tástáil. Úsáidtear na caighdeáin rialaithe cáilíochta seo chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na feidhmíochta tástála trí rialú próiseas staidrimh go laethúil, agus de réir a chéile, mar mhonatóir siarghabhálach ar fheidhmíocht baisceanna. Bíonn an tsaotharlann páirteach i gclár monatóireachta a ligeann do SFÉ comparáid a dhéanamh idir torthaí anseo agus in Ionaid Fola sa Ríocht Aontaithe.

Tá an tsaotharlann páirteach chomh maith sa chlár faireachais atá á reáchtáil ag Aonad Eipidéimeolaíochta Fhuil agus Thrasphlandú na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte (FTSNS)/Gníomhaireacht um Chosaint Sláinte sa RA. Déantar monatóireacht ar na rátaí frithghníomhaithe athfhilltigh agus na rátaí deimhnithe dearfacha le haghaidh fearais tástála trí uimhreacha éagsúla míre imoibrithe le FTSNS a úsáid. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

Glacann an tsaotharlann Víreolaíochta páirt i dtrí chlár oilteachta, ceann amháin a bhíonn scaipthe ag Seirbhís Náisiúnta Measúnaithe Sheachtraigh Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (SNMSC RA) le haghaidh Micreabhitheolaíochta, an dara ceann ag an SNT, an Astráil, agus ceann eile ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (SECLCS).

Tá plean tástála teagmhasachta seachtraí ag SFÉ i gcomhar le Seirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta na hAlban (SFNA) ar eagla go dtarlódh teip mhór agus nach mbeadh an tsaotharlann Víreolaíochta in ann cuid áirithe/ar bith de na torthaí reatha éigeantacha Víreolaíochta a chur ar fáil. Bíonn an plean seo á thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana trí líon beag samplaí a sheoladh chuig SFNA le haghaidh tástáil Víreolaíochta. Níor ghá plean tástála teagmhasachta seachtraí SFNA a chur i bhfeidhm i rith 2017

# SNTHI

## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)

Cuireann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha HisteaChomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla ar fáil le tacú leis na cláir thrasphlandaithe gascheall fuilghinte allataigineach (TGFA) in . Ospidéal San Séamus agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir TGFA a úsáid chun leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Cinneann an tsaotharlann cineál Antaigin Leocaicíte Dhaonna (ALD) gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú le cabhrú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna atá go hiomlán móilíneach agus iad bunaithe ar an Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (ISP) chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní ALD a shainmhíniú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte ALD.

Tá clár cuimsitheach dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir inmheánacha agus sheachtracha thástála oilteachta le haghaidh tíopáil ALD, Géinitíopáil Antaigin Pláitíní Dhaonna (APD) agus imscrúduithe antasubstainte ALD. Tá an SNTHI creidiúnaithe ag an gCónaidhm Eorpach um Imdhíon-ghéinitic (CEI) ó 2001.

Rinne an SNTHI tíopáil ALD in 2017 ar shamplaí ó 203 othar Éireannach le haghaidh trasphlandú féideartha gascheall fuilghinte agus rinne siad tíopáil ALD ar a ngaolta chomh maith. I gcás na n-othar sin nach bhfuil deontóir oiriúnach muinteartha acu, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ón gclár deontóirí deonacha. Cuireann an SNTHI seirbhís tacaíochta imdhíon-ghéinitice ar fáil do Chlár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ), agus rinne an tsaotharlann tíopáil ALD in 2017 ar 404 deontóir deonach nua le cur leis an gclár.

Le 10 mbliana anuas, tá an CSNÉ tar éis 430 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair a éascú d'othair Éireannacha. Rinneadh iomlán 55 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair in 2017. Caoga dó acu ag . Ospidéal San Séamus agus trí cinn acu ag Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn.

Cuireann an SNTHI seirbhís rialta tíopála ALD gaol galair ar fáil chomh maith. Rinneadh 61% de na himscrúduithe a rinneadh in 2017 tríd an tseirbhís seo. Bíonn an chuid is mó de na samplaí tarchurtha le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil HLA-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha.


Chomh maith leis sin, cuirtear seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní d'imscrúdú séireolaíoch trombaicítipéine nua-naíche alla-imdhíonaí (TNA), Galar Corcra Iar-Fhuilaistrithe (GCIF), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar fáil. Tá líon na n-imscrúduithe TNA mar an gcéanna le líon 2016.

# Saotharlann RCI

Bhí iomlán 277 deontóir pláitíní de chineál HLA-A agus -B, agus cuireadh iad san áireamh ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar táirgí barrmhaith pláitíní do na hospidéil.

Rinne an SNTIH óstáil ar an 13ú Scoil Samhraidh Idirnaisiúnta ar Imdhíon-Ghéineolaíocht i gColáiste na Tríonóide thar ceann an Chónaidhm Eorpach ar Imdhíon-Ghéineolaíocht idir an 23 Iúil agus an 26 Iúl 2017. Tugadh cuireadh d'ochtar aoichainteoir ón bpobal Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta ar fud an domhain le cainteanna oideachais a thabhairt agus roghnaíodh ceathracha ocht mac léinn ar fud an domhain chun cuir i láthair a thabhairt bunaithe ar a staidéir taighde.

### Dáileadh Imscrúduithe SNTIH




## Saotharlann Haemaiteolaíocht Imdhíonachta Ceall Dearg

Ar an gcéad lá de Mhárta 2017, d'athraigh an tSaotharlann Diagnóistícthe ag an INF a ainm go an tSaotharlann Haemaiteolaíocht Imdhíonachta Ceall Dearg (RCI). Cuireann Saotharlann RCI seirbhísí leathan réamhaistriúcháin agus seirbhísí atreoraithe réamhbhreithe d'ospidéil ar fud an domhain.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá;

- Soláthar fola trasmheaitseáilte d'othair a bhfuil antasubstaint chasta iontu.
- Imscrúdú antasubstaintí ceall dearg ar a bhfuil cásanna casta séireolaíocha.
- Imscrúdú frithghníomhartha haemalaíocha aistrithe fola.
- Tíopáil ABO/R, lena n-áirítear imscrúdú ar aimhrialtachtaí grúpaí fola.
- Imscrúdú ar othair trí thástálacha dearfacha díreacha antaglóbailine.
- Imscrúdú ainéime uath-imdhíonachta haemalaíche.
- Imscrúdú galair haemalaíoch an fhéatais agus an leanbh nuabheirthe (GHFBN).
- Scagthástáil Réamhbhreithe ar antasubstaintí ceall dearg chun toirchis atá i mbaol a aithint. (cáinníochtú antasubstaint nó toirtmheascadh mar is cuí).
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith i gcás na dtoircheas i mbaol.
- Feinitíopáil ceall dearg dheontóirí.
- Comhairle chliniciúil agus eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil.

# Saotharlann RCI

- Feinitíopáil shínte d'othair a bhraitheann ar fhuilaistriú agus d'othair a bhfuil antasubstaint chasta ceall dearg iontu.
- Fuil neamhchoitianta a allmhairiú d'othair ainmnithe
- Seirbhís phráinne ar glao-dhualgas lasmuigh de ghnáthuaireanta
- Imscrúdú ar chur isteach antasubstaint mhonaclónach

Cuireann an RCI seirbhísí bhanc fola ospidéil ar fáil ag Óispís Mhuire agus Seirbhísí Cúraim agus ag Ospidéal Súil is Cluas Victoria Ríoga.

## Gníomhaíocht Saotharlainne

Cuireadh iomlán 2780 sampla ar aghaidh chuig an tSaotharlann Diagnóisice in 2017, agus ba mhéadú 13.7% é seo i gcomparáid le 2016 agus ba é an líon ba mhó samplaí a tástáladh ó tosaíodh an staidreamh reatha in 2009.

Bhí méadú ar líon na samplaí i ngach aon chatagóir ach amháin cainníochtú frith-D. Thug SFÉ tástáil mhóilíneach isteach in Aibreán 2017 le difreáil a dhéanamh idir cineálacha D lag agus bhí méadú suntasach sa líon samplaí a cuireadh ar aghaidh sa chatagóir seo. Leanann an tSaotharlann Diagnóisice le himscrúdú a dhéanamh ar chineál RhD go séireolaíoch ar shampla chorda/linbh, chun riachtanas do riarachán próifiolacsais frith-D a chur ar an eolas. Mar atá tarlaithe i mblianta roimhe seo, tá ardleibhéal leanúnach de shamplaí á bhfáil atá deacair go séireolaíoch nó atá neamhchoitianta. D'aithin an tSaotharlann Diagnóisice na samplaí casta seo a leanas in 2017, cuid acu a raibh halla-antasubstaintí neamhchoitianta iontu:

| Antasubstaint | Othair | Atreoruithe |
|---|---|---|
| Frith-Chido/Rogers | 5 | 10 |
| Frith-f | 1 | 1 |
| Frith-Kpb | 1 | 2 |
| Frith-Coa | 1 | 1 |
| Frith-Jk3 | 1 | 1 |
| Frith-Jra | 1 | 1 |
| Frith-Wra | 3 | 7 |
| Bainteach le Cr1 | 2 | 2 |
| Frith-Lub | 1 | 1 |
| Tíopa HTLA eile | 15 | 23 |
| Frith-Yta | 2 | 5 |
| Frith-JMH | 2 | 2 |
| Bainteach le córas ar leith | 23 | 29 |
| Cur isteach Daratumumab | 46 | 248 |
| **Iomlán** | **104** | **333** |

## Comparáid idir líon samplaí 2016 agus 2017

| | Líon iomlán samplaí a tástáladh | Saothrú Chineál RhD | Antasubstaint ID | Cainníochtú frith-D | Cainníochtú frith-C | Tástáil Chomhoiriúnachta Iomlán | Tástáil Chomhoiriúnachta Chasta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2016** | 2444 | 199 | 2243 | 752 | 188 | 490 | 445 |
| **2017** | 2780 | 379 | 2322 | 607 | 229 | 645 | 625 |
| **(%)** | 13.7% | 90.4% | 3.5% | -19.3% | 21.8% | 31.6% | 40.4% |

Othair réamhbhreithe ab ea go leor de na hothair sin. I gcomhar leis an antasubstaint a aithint, rinneadh bainistiú maidir leis an riosca GHFBN agus le riachtanais fola don mháthair agus don leanbh araon. Bhí rath ar na torthaí go léir go dtí seo.

Lean an tsaotharlann dá fardal Cealla agus Antaiséirim Tagartha Neamhchoitianta a fhorbairt (trína ballraíocht sa Líonra Malartaithe Idirnáisiúnta Séiream, Ceall agus Leachta Neamhchoitianta (SCLN) agus i Malartán Ceall an RA) agus tá sí tar éis barrfheabhsú a dhéanamh ar a modheolaíochtaí tástála le dul in oiriúint do dhéimeagrafaic athraitheach dhaonra na hÉireann. Rinne an tSaotharlann Diagnóisice dhá thairiscint don líonra malartaithe SCLN in 2017.

Fuair an tSaotharlann Diagnóisice 228 sampla ó 47 othar ar tugadh an druga Daratumumab dóibh in 2017. Úsáideadh an druga ar dtús in Éirinn in 2016 chun cóir leighis a chur ar othair a bhfuil mialóma iolrach orthu, mar sin féin cuireann sé isteach ar phríomhthástálacha séireolaíocha réamh-aistriúcháin. Cuireadh fuil oiriúnach ar fáil do na hothair sin ag úsáid modh lena mbaineann úsáid chealla dearga imoibrí atá cóireáilte le DTT.

Cuireann an tSaotharlann Diagnóisice litríocht ar fáil do réimse na heolaíochta fuilaistriúcháin agus cuireadh dhá phóstaer i láthair ag comhdhálacha idirnáisiúnta in 2017;

- ISBT Copenhagen - Ryan C, Doyle B, Scally E, Ni Loingsigh S. 'Antasubstaintí ceall dearg stóráilte' i bplasma ceathrar othar tarchurtha chuig an tSaotharlann Diagnóisice ag an SFÉ a aithint. Vox Sanguinis 2017:112 (Suppl.1)
- AABB San Diego - Scally E, Doyle B, Long J, Sheehan K, Ryan C, Ní Loingsigh S. Bainistíocht saotharlainne ar othair a fuair cóir leighis le Daratumumab: an taithí Éireannach. Aistriúchán 2017:57 (Suppl.3).

## Allmhairiú fola neamhchoitianta/táirgí

Allmhairíodh iomlán 7 n-aonad de feinitíopa ón iasacht in 2017.

## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Seachtraí

Tá an Roinn Diagnóisice rannpháirteach i 3 scéim dearbhaithe cáilíochta 4 chleachtadh in IEQAS, 4 chleachtadh in AQQAS agus 10 gcleachtadh in NEQAS.

# Diagnóisic/Trasmheaitseáil Chorcaí

## Saotharlann Diagnóisice/ Trasmheaitseála Chorcaí


Cuireann an tsaotharlann diagnóisice in Ionad Chorcaí gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil. Cuirtear an chéad cheann ar fáil d'Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas (OOOT) . Ospidéal Naomh Fionnbarra, Ospidéal Príobháideach Mater i gCorcaigh agus Ospidéal/Ospís Ollscoile Chnoc Mhuire, chomh maith le seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Leighis agus oifigigh seachadta ar an láthair 24 uair in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine, agus tacaíocht á chur ar fáil dóibh ag Foireann Speisialtóra Leighis agus Haemaiteolaí Comhairleach.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá

- Feidhmiú mar Bhanc Fola do roinnt ospidéil chathrach: déanann an tsaotharlann grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn sí cealla dearga trasmheaitseáilte agus comhchodanna eile d'othair ar leith. Cuireann sí sé comhairle saotharlainne agus cliniciúla ar fáil do na hothair seo. Imscrúdú frithghníomhartha féideartha aistrithe fola, rannpháirtíocht i mBainistíocht Fuil Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais aistrithe fola trí choistí agus iniúchadh aistrithe fola an ospidéil agus bainistiú ar inrianaitheacht comhchodanna.
- Agus í mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn sí tíopáil chasta nó aimhrialta ceall dearg, tíopáil shínte d'othair spleácha aistrithe fola, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/linbh nuabheirthe, agus antasubstaintí casta a chuireann cealla dearga sínte meaitseáilte (feinitíopáilte) agus trasmheaitseáilte ar fáil do na hothair seo. D'fhéadfaí gur gá roinnt uaireanta a chaitheamh chun samplaí ar leith a imscrúdú go hiomlán sna cásanna seo, agus seans go mbeadh gá le scagthástáil deonachán nuair nach bhfuil cealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf. Ba ghá 22 sampla othair a atreorú chuig speisialtóirí sa tsaotharlann tagartha idirnáisiúnta grúpaí fola (STIGF) i mBriostó. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.
- Agus í mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn sí othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí ceall dearg iontu, agus rianaíonn sé a gcúram ar feadh an toirchis chun an fháil atá ar fhuil mheaitseáilte don mháthair agus don leanbh ag an mbreith a phleanáil.
- Bainistíonn foireann na Saotharlainne Diagnóisice an stoc comhchodanna speisialta don réigiún. Cuimsíonn sé seo gach comhchuid pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gCóras Orduithe Leictreonacha maidir le cealla dearga tíopa antaigine, comhchodanna fola ionradaithe agus comhchodanna fola do linbh.
- Ina ról mar eolaithe a bhíonn ar dualgas iar-ama, cuireann eolaithe na saotharlainne diagnóisice leis an tseirbhís trí phróiseáil thánaisteach a dhéanamh ar chomhchodanna fola agus trí dhéileáil le hathghairmeacha, agus is iad an chéad phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe cliniciúla a chuirtear ar aghaidh ansin go dtí an fhoireann leighis.
- Bhí an fheidhmíocht i Scéimeanna Seachtracha Measúnachta Cáilíochta sásúil i rith na bliana, agus d'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe Chumann Fuilaistriúcháin na Breataine (CFB) agus SMSCÉ.


**Iomlán na samplaí a fuarthas in 2017: 3491 (2016: 3201)**

## Gníomhaíocht IRAFM Diagnóisice in 2017



# Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí

**ghrúpaí i measc Deontóirí Nua in 2017**




Bíonn an Ghrúpáil Uathoibrithe Deontóirí ar a dícheall i gcónaí chun na teicnící tástála is déanaí agus is leochailí atá ar fáil a thabhairt isteach. Baintear seo amach trí thaighde aonair, nó trí thionscadail a dhéantar mar chuid de staidéar breise. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn na hathruithe seo sábháilteacht táirgí fola, ach méadaíonn siad éifeachtúlacht soláthair táirgí ceall dearg ina bhfuil feinitíopaí neamhchoitianta nó casta, mar fhreagra ar iarratais ar leith ó ospidéil.

Lorgaíodh conarthaí in 2016 chun ardáin tíopála fola QASAR a athsholáthar le teicneolaíocht níos nuaí agus féachfaidh sé seo le scagthástáil chorráncheallach a chur i bhfeidhm tríd an modh crómatagrafaíochta leachta ardfheidhmíochta, rud ar modh thar a bheith beacht é leis an riocht sláinte seo a thástáil. Suiteáladh na córais nua uathoibríocha le linn 2017 agus scríobhadh na pleananna bailíochtaithe agus cuireadh i bhfeidhm iad. Cuireadh an OrthoVision in ionad an dá mheaisín QASAR IV agus déantar tástáil Chorráncheallach ar an BioRad Athraitheach II. Tá sé pleanáilte go mbeidh OrthoVisions 'Beo' roimh dheireadh Eanáir 2018 agus cuireadh an tAthraitheach II i seirbhís rialta i Samhain 2017.

Tástáladh breis is 142,500 deonachán in 2017, agus thug deontóirí nua 12,983 (9.1%) díobh seo. Is féidir minicíochtaí na gcineálacha fola in Éirinn a mheas leis na torthaí a fhaightear ó dheontóirí nua a thástáil.

Amach ó na tástálacha riachtanacha séireolaíocha a dhéanamh (scagthástáil ABO, RhD agus antasubstaintí), déanann an tsaotharlann scagthástáil agus tíopáil rialta ar dheontóirí ar mhaithe leis na feinitíopaí atá níos neamhchoitianta nó comhcheangail tíopaí a aimsiú, rudaí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth in éigeandáil. Rinne an tsaotharlann breis is 97,000 feinitíopa Rh (C,c,E,e) agus os cionn 190,000 cineál antaigine eile in 2017. Chuir na haonaid thíopáilte seo fuil thíopáilte ar fáil d'orduithe rialta ospidéil, aistriú ionútarach agus iarratais éigeandála ar aonaid antaigine diúltaí níos casta

Bhí méadú san éileamh ar an tsaotharlann in 2017 ar aonaid tíopaithe agus scagtha d'othair a bhfuil galair chorráncheallacha orthu, de réir mar a thagann ardú ar aoisghrúpa na n-othar sin tá méadú dá réir ar an éileamh ar aonaid Hbs dhiúltacha chun úsáid ina gcóir leighis. Ní hamháin go gcinnteoidh úsáid athraitheach II go mbeidh dóthain stoic ann don

chlár, ach aithneoidh sé deontóirí a bhfuil apatuithe haemaglóibine níos annamh orthu.

Tá an tionscadal leis an bpobal deontóirí a scagadh chun deontóirí nua k dhiúltach a aimsiú beagnach críochnaithe anois. Is ionann an painéal deontóirí k dhiúltach (cellano) (minicíocht 1:1000) anois agus os cionn 300 agus beifear in ann déileáil le haon iarratas ar fhuil dhiúltach k trí úsáid a bhaint as an stoc atá ann cheana, nó is féidir iarraidh ar dheontóirí ar leith den ghrúpa cuí ABO nó feinitíopa Rh teacht isteach chun deonú leis an iarratas a líonadh.

Thosaigh an tsaotharlann ag scagadh deontóirí áirithe in 2013 le trealamh nua pháirt RhD le deontóirí atá ag iompar tíopa athraitheach RhD a aimsiú. Bhí sé seo mar fhreagra ar aimsiú deontóra a bhí tíopáilte a bheith Rh D diúltach roimhe seo, ach fuarthas amach go raibh athraitheach lag RhD thar a bheith neamhchoitianta ann (cineál 10). D'fhág sé seo go raibh RhD dearfach an-lag sa deontóir seo, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith air sin dá n-aistreofaí an t-aonad sin go fíor-fhaighteoir RhD diúltach. Is gnách go mbíonn antaigin Rh C nó antaigin Rh E níos neamhchoitianta sna cineálacha neamhchoitianta laga RhD seo chomh maith. Mar sin, maidir le gach cás RhD dhiúltaigh a bhí deimhneach freisin d'antaiginí RhC nó RhE, díríodh air i gcomhair scagthástála. Tá an tionscadal seo beagnach críochnaithe anois agus beifear ag déanamh imscrúdú leanúnach ar dheontóirí nua leis an feinitíopa Rh. Go dtí seo, táthar tar éis 21 dheontóir le cineálacha RhD lag neamhghnách a aithint.

Glacann an tSaotharlann Ghrúpála Uathoibrithe páirt i dtrí chineál scéim measúnachta cáilíochta seachtraí, a chuimsíonn taisceadh 15 chleachtadh shéireolaíochta gach bliain, 6 chleachtadh haemaglóibine neamhghnácha agus suirbhé mór idirnáisiúnta a chlúdaíonn gach gné de thástáil séireolaíochta na saotharlainne.

Déantar monatóireacht ar inniúlacht na foirne trí úsáid na scéimeanna seo, agus cuimsíonn sí seo tástáil samplaí trí theicnící uathoibrithe agus láimhe araon. D'éirigh le foireann na saotharlainne cruinneas 100% a bhaint amach i Scéim Náisiúnta Sheachtrach Mheasúnachta Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (SNSMC RA) ó cláraíodh an tsaotharlann den chéad uair in 2008. Baineadh amach torthaí sásúla sna cleachtaí SNSMC go léir a rinneadh in 2017.

Déantar an dara scéim a chur i gcrích uair sa bhliain agus cuimsíonn sí seo gach gné de shéireolaíocht deontóirí, grúpáil ABO, tíopáil RhD, scagthástáil / aithint antasubstaintí agus tíopáil antaigine eile. Is suirbhé idirnáisiúnta í an scéim seo den Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasanna agus Cúram Sláinte ar chaighdeáin saotharlainne.

Ós rud é gur áis náisiúnta tástála í an tSaotharlann Ghrúpála Uathoibrithe Deontóirí, tá plean tástála seachtraí ag SFÉ le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na meaisíní nó ar an láthair. Déantar an plean teagmhasachta a thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana (3 huaire san aer agus uair amháin ar an bhfarraige) trí cheithre shampla is fiche a sheoladh le bheith tástáilte. Tástáladh an teagmhasacht in 2017 agus bhí dea-thorthaí air seo, agus níor ghá an plean seo a ghníomhachtú i bhfíorchás ó comhdhlúthaíodh an tástáil san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.



# Seirbhísí Eile

**“Críochnaíodh cumraíocht agus bailíochtú ríomhchórais don bhanc fíocháin le linn 2017.”**

# Seirbhísí Fíocháin

## Seirbhísí Fíocháin

Is foras fíocháin ceadúnaithe (TE-12) san INF é an banc fíocháin faoin Treoir maidir le Fíochán agus Cealla 2004/23/CE a leagann amach caighdeáin feabhais agus sábháilteachta maidir le deonú, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fíocháin agus ceall daonna. Déanann an tÚdarás Rialaithe Táirgí Sláinte cigireacht ar an mbanc gach dara bliain. Rinne an URTS cigireacht ar an mbanc fíocháin le linn 2017 agus ní bhfuair sé aon lua.

Bainistíonn an banc fíocháin an fíochán súl go léir, comhlaí croí, fuil chorda, craiceann agus roinnt fíocháin mhatánchnámharlaigh go náisiúnta.

Ar na táirgí a chuirtear ar fáil, tá coirní, do ghnáthaimh DSAEK, DMEK agus PK araon, scléara, aimnian, peireacairdiam agus fascia lata. Allmhairítear na táirgí sin ar fad ó na Stáit Aontaithe. Allmhairítear craiceann daonna ó Barcelona sa Spáinn. Anuas air sin, cuireann SFÉ braonta súl séirim uathlógaigh ar fáil d'othair a bhfuil fadhb mhór acu le súile tirime tar éis di iarratas a fháil ó oftailmeolaí. Bíonn próiseáil thánaisteach á déanamh ar na braonta ag an SNF i Speke, Learpholl. Bhí an t-éileamh ar tháirgí mórán mar an gcéanna le 2016.

Is conraitheoirí tríú páirtí í SFÉ ag OOMM le haghaidh próiseáil, crió-chaomhnú, agus dáileadh fíocháin dhaonna chardashoithigh. Úsáidtear an chuid is mó de na comhlaí a dheonaítear in OMLC chun máchailí croí ó bhroinn a dheisiú. Bhí méadú de 63% i ndeonacháin comhlaí le linn 2017 rud a chabhróidh le freastal ar an riachtanas cliniciúil d'fhíochán homanódúcháin. Rinneadh dhá aistriúchán ghascheall liombach eile agus tá tuilleadh sceidealta do 2018.

Críochnaíodh cumraíocht agus bailíochtú ríomhchórais don bhanc fíocháin le linn 2017. Tá an córas ann go sonrach d'fhíochán, cealla agus gaschealla agus ba é an soláthraí a d'fhorbair é. Tá an córas i bhfeidhm agus ag obair do gach táirgí súl.

# Aifiréis Theiripeach

## An tSeirbhís Aifiréise Teiripí Corcaigh

Cuireann an tSeirbhís Aifiréise Teiripí (SAT) aifiréis theiripeach ar fáil d'othair i réigiún na Mumhan ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí (OOC), Ospidéal Ollscoile na Trócaire (OOT) agus Ospidéal Bon Secours, Corcaigh (OBSC). Aistrítear othair as ospidéil eile sa cheantar chuig na háiseanna sin mar is cuí.
Stiúrann Comhairleach Cógas Aistriúcháin an SAT, agus tugann Oifigigh Leighis Speisialtóra agus altraí atá oilte ar ghnáthaimh theiripeacha cúnamh dó/di. Déantar na gnáthaimh in aice leaba an othair trí fhearas aifiréise soghluaiste a úsáid, go háirithe an Terumo OPTIA Spectra. Bhain na gnáthaimh ar fad a rinneadh in 2017 le Malartú Plasma Teiripeach (MPT). Tá bogearra OPTIA cumasaithe i gcomhair Malartán Ceall Dearg (MCD) agus Ídiú Fuilcheall Bán (ÍFB).

Cuireann an SAT prótacal aifiréise ar fáil do gach othar ar bhonn aonair i gcomhar le foireann an ospidéil chliniciúil a rinne an t-iarratas agus atá i bhfeighil an othair, á threorú ag 'Treoirlínte agus Táscairí Cóireála' an Chumainn Aifiréise Mheiriceánaigh (CMA 2016) agus áirítear sa chleachtas seo treoirlínte eile a chuimsíonn iad siúd ó Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine.


Oibríonn SAT laistigh de chóras bainistíochta cáilíochta SFÉ, le pearsanra oilte, cáipéisíocht rialaithe, GOCanna, teicneolaíocht bailíochtaithe agus monatóireacht teagmhas díobhálach. Tá teagmhais díobhálach corpraithe i nGOCanna Teiripe SFÉ, i bpolasaithe agus nósanna imeachta chuí Ospidéil. Freastalaíonn foireann an SAT ar chruinnithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus cloíonn siad le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL), ar a n-áirítear iniúchadh. Tá rún ag an tseirbhís a bheith rannpháirteach i mbailiú sonraí idirnáisiúnta.

Fuair an SAT 25 tarchur othar in 2017 agus rinne sé 121 gnáthamh do 22 othar, ar dhá shuíomh ospidéil. Mar a thaispeántar sna táblaí a leanas, tá an t-éileamh ar SAT éagsúil agus inathraitheach.

### Treocht maidir le héileamh ar sheirbhísí

Tá treocht agus inathraitheacht an éilimh ar an tSeirbhís le blianta beaga anuas ar taispeáint thíos .

### Iomlán Bliantúil Ghnáthaimh 2011-2017




### Seirbhís deireadh seachtaine, lá saoire bainc agus iar-ama

Tá cead ag othair cúram éigeandála a lorg taobh amuigh de na gnáthuaireanta má tá a ndiagnóis ina bagairt ar a mbeatha nó ar a n-orgáin. D'fhéadfadh an clár cóireála síneadh ar feadh tréimhse deireadh seachtaine. Rinneadh 23 (16%) den 121 gnáthamh in 2017 ag an deireadh seachtaine agus 3% lasmuigh de ghnáth-uaireanta oibre i rith na seachtaine.

### Speisialtacht chliniciúil de réir othair agus gnáthaimh

Tháinig formhór na n-othar (64%) isteach le riochtaí néareolaíocha, agus fadhbanna duánaigh (23%) agus haemaiteolaíochta (4%) ina dhiaidh sin. Tháinig naoi faoin gcéad de na hothair isteach faoi speisialtachtaí eile.


## Othair de réir Speisialtachta in 2017




### Soláthar Seirbhíse chuig ospidéil


Ba í OOC is mó a rinneadh éileamh ar SAT agus fuair 86% d'othair cóir leighis in 2017.

## Éileamh ar an tseirbhís ó 2013 - 2017 de réir míosa




# Aifiréis Theiripeach

## Othar de réir Ospidéal 2014 – 2017




Fuair 14 d'othair cóir leighis in OOT.

## Gnáthamh de réir Ospidéal 2014 – 2017





**Baintear úsáid as treoirlínte an Chumainn Aifiréise Mheiriceánaigh (CAM) chun prótacal chóireála othair aonair a phleanáil.**

Tá treoirlínte cleachtais an CMA bunaithe ar cháilíocht na fianaise tacúla agus neart an mholta a ndearnadh mar gheall ar an bhfianaise sin. Foilsíodh na Treoirlínte is déanaí in 2016.


- Catagóir 1 – Neamhoird lena nglactar le aifiréis mar theiripe chéad líne, ina haonar nó i gcomhar le modhanna cóireála eile .
- Catagóir 2 – Neamhoird lena nglactar le aifiréis mar theiripe dara líne, ina haonar nó i gcomhar le modhanna cóireála eile.
- Catagóir 3 – Níl ról barrmhaith na hAifiréise dearbhaithe – Cinneadh dhéanamh indibhidiúlaithe.
- Catagóir 4 – Neamhoird ina léiríonn nó a dtugann fianaise atá foilsithe le tuiscint nach bhfuil éifeacht le haifiréis nó go bhfuil sí díobhálach.

## Othair de réir Catagóir ASFA 2017



# ONH

## Líon Othar faoi gach Speisialtacht de réir Catagóir ASFA 2017




### Céim práinne na seirbhíse atá ag teastáil

D'fhéadfadh Aifiréis Teiripeach, a bheith mar chuid den fhreagra chliniciúil phráinneach ar riochtaí othar, i roinnt riochtaí . D'fhéadfadh aifiréis luath an bhagairt ar bheatha nó ar orgáin a mhaolú. Tháinig ochtó dó faoin gcéad de na hothair isteach mar chásanna práinneacha agus 18% roghnacháin 2017.

| Práinn na Seirbhíse a raibh Gá ag Othair leo agus Gnáthaimh | | |
|---|---|---|
| Práinn | Othair 2017 | Gnáthaimh 2017 |
| Práinneach | 18 | 104 |
| Roghnach | 4 | 17 |
| **Iomlán** | **22** | **121** |

Níor chuir seirbhís SAT aon ghnáthamh ar ceal in 2017.

## An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH)

Déanann haemafhaireachas eolas a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan choinne nó nach bhfuil inmhianaithe mar gheall ar fhuilaistriú, agus forbraíonn sé straitéisí agus córais chun stop a chur leo. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH), rud atá mar chuid de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ). Ó bunaíodh an clár i 1999, tuairiscíodh iomlán 6253 frithghníomh agus teagmhas trom díobhálach mar thoradh ar fhuilaistriú ó shin. Déanann an ONH idirchaidreamh le, agus tacaíonn sí leis na hOifigigh Haemafhaireachais (OH) atá bunaithe sna hospidéil ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí haemafhaireachais orthu. Anuas air sin, cothaíonn an ONH naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais (LIH), agus trí Líonra Fuilaistriúcháin na Ríochta Aontaithe (LFRA).

### Teagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Rinne an ONH athbhreithniú agus ghlac sí le TTDanna éigeantacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir 2002/98/EC an AE maidir le Fuil, in éineacht le TTDanna neamh-éigeantacha a bhaineann le gné chliniciúil an fhuilaistriúcháin. Tagann na tuairiscí seo ó fhorais fola, bainc agus áiseanna fola d'ospidéil. Glacadh le 140 TTD éigeantach i rith 2017 (65% de na TTDanna go léir). Chomh maith leis sin, glacadh le 76 TTD neamh-éigeantach (35% de na TTDanna go léir) a bhain go príomha le hearráidí i réimsí

# ONH

cliniciúla. (Bhí na figiúirí cruinn ag am scríofa na tuarascála seo).

## Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Ag am scríofa na tuarascála bhí tuairisc tugtha in 2017 ar 151 frithghníomh a thagann leis na critéir. Tá laghdú beag tagtha ar an líon FTD Éigeantach (58) a tuairiscíodh go dtí seo i gcomparáid le figiúirí a taifeadadh in 2016 (60).

## Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (FBFTTD)

Ar mhaithe le cloí le Treoir 2005/61/ EC Aguisín II D agus III C ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn ag aistriú fola agus gach foras fola FBFTTD a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an ONH. Ghlac an ONH le 213 tuairisc éigeantach in 2016, agus bhí tiomsú thuairisc FBFTTD 2017 ag dul ar aghaidh agus an tuarascáil seo á scríobh.

## An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS)

Is é an ÚRTS an t-údarás inniúil chun gach réimse de Threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm, agus mar a tharla i mblianta roimhe seo, tionóladh cruinnithe rialta athbhreithnithe cásanna leis an ONH chun teagmhais a tuairiscíodh a phlé.

## Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn an ONH le forbairt leanúnach cláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí obair go dlúth le OHanna atá bunaithe in ospidéil. Leanadh den oideachas leanúnach fochéimithe agus cláraitheoirí speisialtóra chomh maith i rith na bliana.

I gcomhréir lena sainordú tacú le foireann na n-ospidéal, chuir an ONH 'lá oscailte' ar siúl do OHanna nuacheaptha a dhírigh ar ghnéithe den chóras tuairiscithe agus ar dhul i dtaithí ar oibriú SFÉ agus an ONH. D'fhreastail naoi OH déag ar an ócáid seo.

## Ríomhfhoghlaim

Lean SFÉ de cheadúnú agus soláthar clár ríomhfhoghlama ‘Learnbloodtransfusion’ d'ospidéil trí LearnProNHS. Tá an chuid is mó d'ospidéil na hÉireann agus roinnt institiúidí tríú leibhéal cláraithe sa chlár. Cuimsíonn sé seo foireann ospidéil agus fochéimithe cúram sláinte in ollscoileanna áirithe atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas cúrsa éigeantaigh.

# CSNÉ

## Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann

Is teiripe tharrthála é trasphlandú ceall sinsear fuilghinte d'othair áirithe a bhfuil leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ar leith ó bhroinn orthu. I gcás líon mór na n-othar nach bhfuil an rogha tosaíochta acu siblíneach atá comhoiriúnach go hiomlán a úsáid, cuireann deontóir neamhghaolmhar amháin as an 32 milliún deontóir deonach atá ar fud an domhain rogha oiriúnach ar fáil.

Bunaíodh Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) i 1989 le freastal ar an ngá atá le deontóirí ceall sinsear fhuilghinte d'othair in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ó 2001, bíonn gach deontóir atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar tíopáilte go heisiach trí mhodhanna ADN (DNA) ag an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Imdhíoneolaíochta Histea-chomhoiriúnachta (SNTIH). Tá an clár ceadúnaithe ag an ÚRTS faoi Threoir Fíocháin 2004/23/EC an AE.

### Creidiúnú Idirnáisiúnta

Ó 1991, tá CSNÉ cleamhnaithe le Cumann Deontóirí Smeara an Domhain (CDSD), eagraíocht a shocraíonn caighdeáin oibriúcháin do chláir smeara ar fud an domhain. Bronnadh creidiúnú iomlán clárlainne ar CSNÉ in 2012. Tá na comhordaitheoirí ar fad a oibríonn sa CSNÉ deimhnithe trí chlár oideachais CDSD.

### Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Lorgaíonn an CSNÉ deontóirí oiriúnacha ar an bPainéal Éireannach trí bhunachar sonraí Chumann Deontóirí Smeara an Domhain (CDSD), ar son Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann . in Ospidéal San Séamas (OSS) agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn (OMLC). Cuireadh 86 othar ar aghaidh chuig CSNÉ in 2017 i gcomhair cuardaigh neamhghaolmhara. Fuair caoga a sé othar Éireannach gaschealla ó dheontóir neamhghaolta in 2017. Ba ó dheontóirí idirnáisiúnta a tháinig a bhformhór (52).


### Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Rinne an CSNÉ ceangal le Córas Eolais Dheontóra Smeara Eorpaigh (CEDSE), córas cumarsáide a ligeann do chlárlanna idirnáisiúnta painéil a chéile a chuardach agus deontóirí a roghnú go héasca i gcomhair thástáil leathnaithe in 2017. Roghnaíodh 85 deontóir Éireannach i gcomhair thástáil bhreise in 2017.

### Deontóirí na hÉireann

Déantar deontóirí gascheall deonacha a earcú trí chlinicí dheonaithe fola, áit ar féidir leo iarratas a dhéanamh le bheith ar an gclár. Tháinig 404 deontóir deonach nua isteach i CSNÉ in 2017, tá os cionn 22,000 deontóir féideartha ar CSNÉ anois.

Éascaíodh deonú ó chúigear deontóir Éireannach in 2017, i gcomhair othair náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bailíodh Insileadh Limfisíte Deontóra (ILD) breise ó dheontóir Éireannach.




**“Lean an clár um athruithe laistigh den Chóras Bainistíochta Cáilíochta le linn 2017.”**

# Cáilíocht agus Cloí

Lean an clár um athruithe laistigh den Chóras Bainistíochta Cáilíochta le linn 2017. Cuireadh tús leis an Tionscadal Feabhsúcháin Cáilíochta mar chuid de straitéis fhoriomlán SFÉ agus tugadh isteach athruithe idirlinne ar chórais láimhe ar bhainistíocht thuairiscí teagmhais agus gearáin. Cuireadh tús le céim 1 den Tionscadal feabhsúcháin Cáilíochta (TIC) agus bhí sé seo dírithe ar uasghrádú beartaithe a dhéanamh ar chórais bainistíochta cáilíochta leictreonacha (CBCL) do rialú cáipéise agus bainistíocht thaifead oiliúna. Ligfidh an t-uasghrádú seo do mhodúil chórais cáilíochta leictreonacha eile ar nós neamhchomhréireacht, CAOP agus bainistíocht iniúchta a thabhairt isteach amach anseo.

Chuimsigh an clár bliantúil cigireachta an ÚRTS 9 gcuairt chigireachta i rith 2017 agus iad dírithe ar 4 chlinic agus 5 chuairt láithreáin. Chuimsigh siad sin gníomhaíocht an Fhorais Fola, gníomhaíocht an fhorais fíocháin agus oibríocht an Chleachtais Leithdháilte Maith.

Luadh neamhchloí mór amháin d'eilimintí Chórais BE agus ceann mór faoi údarású GDP. Déantar ceadúnais a nuashonrú agus a choimeád go bliantúil agus déantar tuarascálacha bliantúla a chomhdú ar ghníomhaíochta gaolmhara na bliana.

Bhí dhá eisiúint tháirge Gaschealla Liombacha i gcomhair feidhmiú chliniciúil le linn 2017, agus eisíodh 5 tháirge do fheidhm chliniciúil mar go bhfuair SFÉ údarású déantúsaíochta in 2015.

Déantar athruithe sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta a ghabháil tríd an gcóras Rialaithe Athraithe. Tarraingíodh 593 Rialúchán Athraithe anuas i rith 2017, agus bhí 53% díobh dúnta roimh dheireadh na bliana. Tarraingíodh 538 Rialúchán Athraithe anuas a mbeadh éifeacht acu ar cháipéisí, polasaí agus nósanna imeachta, agus bhí 78 dúnta roimh dheireadh 2017. Tá na figiúirí sin inchomparáide le 2016.

Cuireadh méadrachtaí i láthair an EMT agus tuairiscítear rátaí chríochnaithe ag deireadh na bliana. Rátaí críochnaithe do thuairiscithe teagmhais (TTanna) a bhain amach ráta díomách de 70%, do 899 TT a ardaíodh in 2017. Bhí laghdú mór sa líon iomlán TTanna a gabhadh le linn 2017, anuas ó 1475 in 2016. Tharla sé seo den chuid is mó de bharr athshannadh chatagóirí áirithe deonacháin nárbh fhéidir a úsáid go teicniúil ionas go ngabhfaí iad mar chailliúintí deonacháin a bheadh ag forbairt Cleachtais in ionad tuairiscithe teagmhais.

Phróiseáil an córas láimhseála Gearáin 1026 comhad gearáin aonair in 2017 agus baineadh amach ráta críochnaithe 70%, rud ab ionann agus ardú de thart ar 10% ar fhigiúirí 2016.

Rinneadh scrúdú ar iomlán 364 aisghairm a bhí bainteach leis sin i rith 2017 agus bhain an chuid is mó acu le heolas ó dheontóirí tar éis deonacháin. Rinneadh iomlán de 140 gearán Sheirbhís Deonacháin a ghabháil ag clinicí/ iar-chlinicí le linn 2017. Baineadh amach ráta críochnaithe de 96% don bhliain.


# Cáilíocht agus Cloí

Déantar anailís leanúnach i rith na bliana ar ghearáin agus TTanna le cinntiú go mbíonn Teagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) agus Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) gafa.

Ghlac an ONH le 72 TTD ó SFÉ mar Fhorais Fola le linn 2017, agus tuairiscíodh iomlán de 60 FTD don ONH. Is mar gheall ar earráidí próiseála agus dáilte a bhí formhór na TTDanna ó SFÉ mar FF.

I ngach cás is díreach ó bhainc fola bunaithe in ospidéil go hoifig an OHN a thuairiscítear FTDanna don ONH. Níor tuairiscíodh gur bhain aon bhás leis na FTDanna.

# Acmhainní Daonna



# Acmhainní Daonna

Ós rud é gur príomhphiléar de Straitéis SFÉ 2017-2020 é Foghlaim agus Fás, leanann forbairt eagraíochtúil le bheith mar réimse a gcuirtear béim mhór air d'Acmhainní Daonna. Ag leanúint ó fhorbairt rathúil na chéad Straitéise Foghlamtha agus Forbartha in 2016 (Straitéis Foghlamtha agus Forbartha SFÉ 'Oibriú, Foghlaim & Fás le Chéile 2017-2020) seoladh an plean straitéise agus feidhmíochta le faomhadh agus le tacaíocht iomlán an Bhoird agus na Bainistíochta Feidhmiúcháin ar feadh na heagraíochta in 2017.

Is é athbhreithniú agus athsheoladh phróiseas Fhorbairt Fheidhmíochta (FF) feabhsaithe, a dtugtaí Córas Forbartha Tomhais Feidhmíochta (CFTF) air roimhe seo, an chéad chéim leis an straitéis uaillmhianach 3 bliana a chur i bhfeidhm. Chuaigh an fhoireann F&F i dteagmháil/i gcomhairle le fostaithe ar feadh na heagraíochta chun aiseolas agus eolas luachmhar a bhailiú a chabhraigh le FF a athmhúnlú mar chur chuige feabhsúcháin agus comhoibríoch leanúnach.

Clúdaíonn Forbairt Fheidhmíochta bainistíocht fheidhmíochta agus forbairt fhostaithe araon. Díríonn sé ar Mé Féin a Bhainistiú, an Jab a Fháil Déanta agus Oibriú le Daoine Eile. Is feithicil é le cabhrú le gach fostaí leibhéil feidhmíochta níos fearr a bhaint amach agus seirbhís atá níos fearr fós a chur ar fáil ar deireadh do na deontóirí agus othair aistriúcháin ar fad.

Dearadh, cuireadh chun cinn agus seachadadh plean traenála láidir feadh na heagraíochta a raibh leibhéil freastail eisceachtúla mar thoradh air a chur i gcéill go raibh ullmhacht eagraíochtúil ann le glacadh le cultúr foghlamtha agus cabhrú leis an suirbhé An-Áit le Bheith ag Obair a chur i bhfeidhm. Rinne an Fhoireann Bhainistíochta Fheidhmiúcháin seoladh rathúil ar an FF i Meitheamh 2017. Leanann comhráití FF ag rith tríd an eagraíocht le tacaíocht ón ár Saineolaithe Ábhair FF.

Thiomáin ár n-aistear le bheith mar An-Áit le Bheith ag Obair gníomhaíocht Acmhainne Daonna freisin in 2017. Tá an-lear oibre déanta sa chúlra, feadh roinnt grúpaí, i rith na bliana seo caite. Tá comhdhlúthú déanta againn ar shraitheanna éagsúla na hoibre seo i bplean gníomhaíochta . Creidimid go gcabhróidh na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa cháipéis seo lenár n-ionad oibre a fheabhsú agus sa chaoi sin cuirfidh sé feabhas ar ár ngrádú mar AABO nuair a dhéanfar an chéad suirbhé eile in 2018.

### Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht

Cuireann Sláinte agus Sábháilteacht Timpeallachta (SST) ról comhairliúcháin agus tacaíochta ar fáil laistigh den eagraíocht. Chun go gcloífear le SST agus go ndéanfar feabhas agus forbairt leanúnach air laistigh den eagraíocht, leantar ag déanamh athbhreithniú agus forbairt ar chláir thimpeallachta agus shábháilteachta.

### Seirbhísí Comhairleach Shábháilteacht Earraí Contúirteacha


Rinneadh athbhreithniú ar sheirbhísí Comhairleach Shábháilteacht Earraí Contúirteacha. Chun na dualgais atá imlínithe ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (um Iompar Earraí ar Bhóthar agus Úsáid Bhrú-Threalaimh In-Iompartha) 2011 (S.I. Uimh. 349 de 2011) agus leasuithe a bhain leis a chomhlíonadh ceapadh Comhairleoir nua Shábháilteacht Earraí

Chontúirteacha agus beidh sé/sí ag obair le SFÉ go 2018.

### Iár Sábháilteachta Dóiteáin

Cuireadh béim ar thraenáil, trealamh aslonnaithe éigeandála a úsáid san áireamh mar chuid den chlár sábháilteachta dóiteáin. Rinneadh athbhreithniú freisin ar léaráidí aslonnaithe dóiteáin feadh ionaid uile SFÉ.

## Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta Éigeantach na Foirne



# Airgeadas

**Dréacht-Chuntais Achoimre na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017**

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 67,482 | 64,825 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 1,389 | 11,175 |
| **Ioncam iomlán** | **68,871** | **76,000** |
| **Caiteachas** | | |
| **Caiteachas iomlán** | **70,865** | **69,436** |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | (1,994) | 6,564 |
| Méadú/(Caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsean | 7,224 | (23,639) |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | (17) | (70) |
| Aistriú go Cúlchiste Taighde | 124 | (449) |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (60,569) | (42,975) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | **(55,232)** | **(60,569)** |

### Ioncam

Déantar anailís ar an €68.87 milliún (2016 - €76.0 milliún) a bhí mar ioncam iomlán ag an mBord in 2017 mar ioncam athfhillteach agus neamh-athfhillteach. Is ionann ioncam athfhillteach agus ioncam €67.48 milliún (2016 €64.83 milliún) a fuarthas ó tháirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil. Cuimsíonn ioncam neamh-athfhillteach €1.39 milliún (2016 €11.18 milliún) deontais ón Roinn Sláinte agus ús ar thaiscí bainc araon. Ardú ar mhéideanna ioncaim athfhillteach do Chealla Dearga in 2017 atá san ardú ar ioncam athfhillteach agus is de bharr deontas aon uaire de €10m in 2016 maidir le scéim Pinsean SFÉ atá an laghdú ar ioncam neamh-athfhillteach.

### Caiteachas

Ba é an caiteachas a rinneadh in 2016 ná €70.9 milliún (€69.4 milliún in 2016). Is de bharr íocaíocht taighde le hOllscoil na hÉireann Gaillimh is mó atá an t-ardú i gcaiteachas.

Déanann an Bord cuntas ar phinsin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe airgeadais 102.

### Cúlchistí

Tá cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Ba é iarmhéid chiste na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017 ná €8.60 milliún.

Bhunaigh an Bord cúlchiste taighde in 2006. Ba é iarmhéid an chiste taighde in 2017 ná €1.6 milliún. (2016 €1.76 milliún).

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €1.7 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh i rith 2017 (€1.4 milliún in 2016).

Chuimsigh an phríomhinfheistíocht i rith na bliana infheistíocht i mbonneagar TFC ar a raibh uasghrádú líonra gan sreang, trealamh tástála saotharlainne agus córas TE i gcomhair Fíochán, Cordaí agus Gaschealla.

## Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íocaíocht Phras, ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos. Is é an gnáthchreidmheas a bhíonn gafa ag an mBord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, ná 30 lá tar éis don sonrasc a bheith faighte, nó tar éis do dheimhniú a bheith faighte go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €208,165.74 déanach ar feadh 18.79 lá ar an meán. B'ionann na sonraisc seo agus 1.1% de líon agus 0.55% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €7,578.86

Leanann an Bord d'athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta riaracháin ar mhaithe le cabhrú le laghdú a dhéanamh ar an oiread ama a chaitear ar cheisteanna agus réitigh maidir le sonraisc.

# Sonraí teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

## Dlíodóirí

Byrne Wallace
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01/4322800
r:contactus@ibts.ie

www.giveblood.ie Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850731137
www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie

**Ionad Chorcaí**
Ospidéal Naomh Fionnbharra
Bóthar Dhúghlais
Corcaigh
t: 021/4807400

**Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000

**Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan**
6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t:1850 808 808

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú
t: 041/6859994

**Ionad Cheatharlach**
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125

**Ionad Thuama**
Lárionad Gnó N17
Tuaim
Co na Gaillimhe
t: 093 70832



Irish Blood Transfusion Service

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.

Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Ríomhphost: contactus@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850 731 137

arna dhearadh ag CATALYSTO